European Asylum Support Office

# Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil EASO 2018




Meitheamh 2019

SUPPORT IS OUR MISSION

European Asylum Support Office

# Tuarascáil Ghinearálta Bhliantúil EASO 2018

**Meitheamh 2019**

SUPPORT IS OUR MISSION

Ghlac Bord Bainistíochta EASO an tuarascáil seo i mí an Mheithimh 2019.

Ní bheidh An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO) ná duine ar bith atá ag feidhmiú thar ceann EASO freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis seo a leanas.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9485-031-7 | ISSN 2467-3501 | doi:10.2847/076737 | BZ-AD-19-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9485-033-1 | ISSN 2314-9825 | doi:10.2847/83018 | BZ-AD-19-001-GA-N |

© An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO), 2019

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a admháil.

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an EASO a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

# Clár Ábhar

**Liosta giorrúchán** ... **4**
**1. Réamhrá** ... **5**
**2. Forbhreathnú ar an mbliain: forbairtí sa bhliain 2018** ... **6**
**3. Tosaíochtaí EASO sa bhliain 2018** ... **8**
**4. Na héachtaí a bhain EASO amach sa bhliain 2018** ... **10**
*4.1. Tacaíocht oibríochtúil* ... *10*
4.1.1. An Iodáil ... 10
4.1.2. An Ghréig ... 12
4.1.3. An Bhulgáir ... 14
4.1.4. An Chipir ... 14
4.1.5. An ghné sheachtrach ... 15
*4.2. Pleanáil, meastóireacht agus uirlisí tacaíochta* ... *18*
4.2.1. Gníomhaíochtaí tacaíochta agus uirlisí le haghaidh oibríochtaí ... 18
4.2.2. Oiliúint oibríochtúil agus tacaíocht cáilíochta ... 19
4.2.3. Faireachán agus meastóireacht ar oibríochtaí ... 19
*4.3. Faisnéis, anailís agus forbairt eolais* ... *20*
4.3.1. Faisnéis faoin tír thionscnaimh (COI) ... 20
4.3.2. Treoir tíre ... 22
4.3.3. Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) ... 23
4.3.4. Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta (IDS) ... 24
4.3.5. Tuilleadh forbartha ar Chóras Faisnéise Tearmainn lárnach ... 25
4.3.6. Taighde ar luathrabhadh agus tuiscint ar bhunchúiseanna ... 26
4.3.7. Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach ... 26
*4.4. Tacaíocht tearmainn* ... *27*
4.4.1. Oiliúint ... 27
4.4.2.Próisis tearmainn ... 28
4.4.3. Glacadh ... 29
4.4.4. Gníomhaíochtaí i leith iarratasóirí leochaileacha ... 30
4.4.5. Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí ... 31
4.4.6. Líonra Bhaile Átha Cliath ... 33
4.4.7. Líonra Eisiaimh ... 34
*4.5. Gníomhaíochtaí cothrománacha* ... *35*
4.5.1. an tSochaí shibhialta agus an Fóram Comhchomhairleach ... 35
4.5.2. Cumarsáid agus caidreamh le geallsealbhóirí ... 36
*4.6. Rialachas* ... *38*
**Iarscríbhinní** ... **39**
*A.I. Struchtúr eagrúcháin EASO* ... *39*
*A.II. Buiséad EASO sa bhliain 2018* ... *41*
*A.III. Foireann EASO* ... *43*

# Liosta giorrúchán

| | |
|---|---|
| **AE** | An tAontas Eorpach |
| **AE+** | Ballstáit AE móide tíortha comhlachais |
| **AIP** | An Díorma um Idirghabháil Tearmainn |
| **AST** | foireann tacaíochta tearmainn |
| **CAWG** | An Mheitheal um Dheimhniú agus um Chreidiúnú |
| **CBAE** | Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh |
| **CEPOL** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí |
| **CET** | An Comhchóras Eorpach Tearmainn |
| **CGB** | ceartas agus gnóthaí baile |
| **COI** | faisnéis faoin tír thionscnaimh |
| **DGMM** | Ard-Stiúrthóireacht an Bhainistithe Imirce (an Tuirc) |
| **EASO** | An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn |
| **EII** | An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce |
| **EMN** | Gréasán Imirce na hEorpa |
| **EPRA** | Ardán Eorpach na nGníomhaireachtaí Glactha |
| **EPS** | Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta |
| **ESS** | eagraíocht na sochaí sibhialta |
| **EUAA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann |
| **eu-LISA** | An Ghníomhaireacht Eorpach um Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais |
| **FRA** | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha |
| **Frontex** | An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta |
| **GAS** | Seirbhís Tearmainn na Gréige |
| **IDS** | Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta |
| **MedCOI** | faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh |
| **PSP** | cláir urraíochta príobháideacha |
| **PTN** | pointe teagmhála náisiúnta |
| **SOP** | nós imeachta oibríochtúil caighdeánach |
| **SSP** | plean tacaíochta speisialta |
| **UAM** | mionaoiseach neamhthionlactha |
| **UNHCR** | Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe |

# 1. Réamhrá

**An misean atá ag EASO**

Is é misean na hOifige Tacaíochta Eorpaí do Chúrsaí Tearmainn (EASO) rannchuidiú le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Thearmainn (CET) ach an comhar praiticiúil a fheabhsú, malartú faisnéise a spreagadh, cóineasú sa mheasúnú ar riachtanais chosanta sna Ballstáit a áirithiú, agus cúnamh oibríochtúil agus teicniúil a sholáthar do Bhallstáit a bhfuil a gcórais tearmainn agus ghlactha faoi bhrú.

**Prionsabail EASO**

Agus an misean atá aige á chomhlíonadh aige, cloíonn EASO leis na prionsabail seo a leanas:

- spreagadh a thabhairt do chaighdeán agus d'éifeachtúlacht na nósanna imeachta tearmainn, do choinníollacha glactha na mBallstát; agus don mheasúnú ar riachtanais chosanta ar fud an Aontais trí dhlí an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus trí chaighdeáin oibríochtúla a fhorbairt;
- cóineasú níos mó a áirithiú sa mheasúnú ar riachtanais chosanta ar fud an Aontais Eorpaigh;
- gníomhú mar lárionad saineolais atá neamhspleách agus neamhchlaonta;
- cosaint agus cur chun cinn na gceart agus na bprionsabal bunúsach a áirithiú, mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus gníomhaíochtaí i ndáil leis an tearmann á gcur chun feidhme;
- an comhar praiticiúil agus an malartú faisnéise a fheabhsú i measc na mBallstát i réimse an tearmainn;
- sonraí tráthúla agus nuashonraithe a sholáthar, anailísiú agus luathrabhadh ar mhórphlóduithe isteach líonta móra de náisiúnaigh thríú tíortha;
- tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil ar cuimsitheach tráthúil í a sholáthar do Bhallstáit maidir le cúrsaí tearmainn agus glactha;
- cúnamh oibríochtúil agus teicniúil a sholáthar chun tacú leis na Ballstáit glacadh lena gcuid freagrachtaí i réimse an tearmainn agus dlúthpháirtíocht a léiriú leis na Ballstáit a bhfuil a gcórais tearmainn faoi bhrú;




- tacaíocht a thabhairt do chórais tearmainn agus ghlactha le tríú tíortha, agus tacaíocht a thabhairt i ndáil leis an athlonnú, i ndlúthchomhar leis na hinstitiúidí AE agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha;
- ionchur fianaise-bhunaithe a thabhairt do lucht ceaptha beartais AE maidir le cúrsaí tearmainn;
- comhoibriú le hinstitiúidí AE, le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí AE, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus leis an tsochaí shibhialta.

**Tuarascáil ghinearálta bhliantúil EASO**

Cuirtear síos sa tuarascáil ghinearálta bhliantúil ar éachtaí na gníomhaireachta sa bhliain 2018, agus ullmhaítear í i gcomhréir le hAirteagal 29(1)(c) de Rialachán EASO ([1]). Is é Bord Bainistíochta EASO a ghlacann an tuarascáil. Seolfar í chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, lena n-áirítear an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, agus an Chúirt Iniúchóirí. Cáipéis phoiblí is ea an tuarascáil ghinearálta bhliantúil, agus aistrítear isteach i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í.

Táirgeann EASO tuarascáil bhliantúil ar leithligh faoi staid an tearmainn san Aontas Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 12(1) agus Airteagal 29(1)(d). Is féidir teacht ar níos mó faisnéise faoin tuarascáil seo in Alt 4.3.7 in éineacht le nasc chuig an bhfoilseachán ar líne.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, IO L 132, 29.5.2010, lch. 11.

# 2. Forbhreathnú ar an mbliain: forbairtí sa bhliain 2018

Bhí a cheithre oiread iarratas ar thearmann ann sa bhliain 2018 ná an líon braití de thrasnú teorann mídhleathach ag an teorainn sheachtrach. Léirítear sa mhéid sin an brú seasmhach ar chórais tearmainn agus ghlactha na mBallstát, agus is é is údar le Comhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme go hiomlán. Ina theannta sin, tháinig laghdú sa bhliain 2018 ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sna Ballstáit AE agus sna tíortha comhlachais (AE+) faoi dhíreach 11 % i gcomparáid leis an mbliain 2017, agus tháinig laghdú i bhfad níos mó faoi 27 % ar bhraití trasnuithe teorann mídhleathacha i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin ([2]).

Choinnigh EASO uirthi ag soláthar seirbhíse de réir a sainordaithe agus cur chun feidhme an CET á éascú, agus tacaíocht a thabhairt do Bhallstáit thacúla leis an méid sin chun eochairphrionsabail an CET a aistriú isteach sa chleachtadh. Amhail na blianta roimhe seo, cuireadh roinnt beart chun feidhme leis an gcomhar praiticiúil i measc na mBallstát a neartú faoi chúrsaí tearmainn, agus chun tacaíocht oibríochtúil a sholáthar do na Ballstáit úd a raibh a gcórais tearmainn agus ghlactha ag teacht faoi bhrú aisteach.

Trí bhíthin pleananna oibriúcháin athnuaite, chothabháil EASO a tacaíocht do na húdaráis náisiúnta sa Ghréig, san Iodáil agus sa Chipir.

- I ndiaidh leasú ar reachtaíocht na Gréige faoin tearmann, thionscain EASO a tacaíocht do scrúdú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta laistigh de chreatlach an nóis imeachta tearmainn rialta le hoibrithe cásanna leithleacha i láthair in Lesvos ar dtús agus in Thessaloniki níos déanaí.

([2]) Frontex, *Risk Analysis for 2019 (Anailís Riosca don bhliain 2019)*, Feabhra 2019: https://frontex.europa.eu/assets/Publications/Risk_Analysis/Risk_Analysis/Risk_Analysis_for_2019.pdf



- Ba í an chonclúid sa phlean oibriúcháin go ndearna na húdaráis **Iodálacha** foráil maidir le freagrachtaí breise i dtéarmaí tacaíocht a thabhairt d'ionramháil na gclárúchán iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus tacaíocht shuntasach bhreise don nós imeachta rialta.

- Chonaic **an Chipir** méadú suntasach i líon na n-iarratas ar thearmann a taisceadh, ar mhéadú faoi 69 % é i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Imscaradh roinnt saineolaithe i gcaitheamh na bliana 2018 chun tacaíocht a sholáthar do bhainistiú riaráiste, glactha agus clárúchán.

- Chuir EASO conclúid lena hoibríochtaí sa **Bhulgáir** i mí na Samhna den bhliain chéanna, a bhí i bhfeidhm ón mbliain 2013 i leith. Tháinig sé sin mar thoradh ar na brúnna laghdaithe ar chóras tearmainn agus glactha na tíre, ach cumasaíodh é freisin le cumais níos láidre chun a chórais tearmainn agus ghlactha a bhainistiú.

Chuir EASO lena croíghníomhaíochtaí eile freisin lenar áiríodh maidir le soláthar faisnéise agus anailíse, oiliúna i réimse na gné seachtraí.

- Choinnigh EASO uirthi ag neartú a róil mar theach imréitigh don **fhaisnéis náisiúnta faoin tír thionscnaimh** (COI) sa tsúil chun rannchuidiú le cóineasú níos mó sna cinntí tearmainn ar fud an AE.

- Mar fhreagra ar chonclúidí na Comhairle Eorpaí an 21 Aibreán 2016 thug Bord Bainistíochta EASO faomhadh don chéad nóta treorach tíre ag EASO i mí an Mheithimh 2018. Tháinig an treoir mar thoradh ar threoirphróiseas arna chomhordú ag EASO, in éineacht leis na húdaráis náisiúnta, ónar tháing measúnú ar chúrsaí san Afganastáin. Rannchuidigh sé sin freisin le hullmhacht na gníomhaireachta dá sainordú nua amach anseo.

Thacaigh EASO anuas tríd an mbliain 2018 freisin le riaracháin náisiúnta na mBallstát, na stát comhlachaithe agus na dtríú tíortha i réimse an tearmainn ach **oiliúint a sholáthar** i gcomhréir le croí-uirlis oiliúna na gníomhaireachta, curaclam oiliúna EASO. Is amhlaidh ó seoladh é thiar sa bhliain 2012 ar cuireadh 30 000 oifigeach faoi oiliúint i gcuraclam oiliúna EASO ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin, figiúr lena léirítear cur chun feidhme rathúil de straitéis oiliúna agus foghlama EASO.

Sholáthair EASO tacaíocht tógála i **dtríú tíortha** chun córais tearmainn agus ghlactha a neartú laistigh de chreatlach straitéis ghníomhaíocht sheachtrach EASO. Leagadh béim faoi leith ar an saothar a rinneadh le réigiún na mBalcán Thiar agus sa Tuirc, agus soláthraíodh tacaíocht *ad hoc* freisin do thíortha sa Mheánoirthear agus i réigiún tuaisceart na hAfraice. I gcomhthéacs an athlonnaithe, sheol EASO an saothar ullmhúcháin i gcomhair treoirthionscadail do shaoráid tacaíochta athlonnaithe sa Tuirc tar éis di faomhadh a fháil ón mBord Bainistíochta.

I dtéarmaí an **rialachais**, chonacthas athruithe i mbainistiú EASO sa bhliain 2018. Cheap Bord Bainistíochta EASO an tUas. Jamil Addou an 6 Meitheamh 2018 mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach EASO tar éis don iarstiúrthóir feidhmiúcháin éirí as. Ar bhunús plean gníomhaíochta rialachais arbh é an stiúrthóir feidhmiúcháin eatramhach a chuir chun cinn é agus ar thug an bord bainistíochta faomhadh dó d'aon ghuth i mí Mheán Fómhair 2018, ghlac an lucht bainistíochta nua roinnt beart chun struchtúir rialachais inmheánacha EASO a threisiú, agus cumais inmheánacha á n-atógáil agus muinín á hathsholáthar sa ghníomhaireacht, idir go hinmheánach agus go seachtrach. Rinneadh iarracht láidir chun borradh a chur faoin earcaíocht tar éis an mhoillithe a cláraíodh le linn an chéad leath den bhliain 2018.

Seoladh an nós imeachta earcaíochta do Stiúrthóir Feidhmiúcháin nua EASO sa tréimhse chéanna, agus tugadh chun críche go foirmiúil é i mí Aibreáin na bliana 2019 le ceapachán Ms Nina Gregori.

Bhí an beartas imirce fós ar an gclár le linn na bliana 2018 ar **leibhéal an Aontais Eorpaigh**. Athdheimhníodh le conclúidí na Comhairle Eorpaí an 28 Meitheamh 2018 an gá le cur chuige cuimsitheach don imirce, ag cur le chéile na ngnéithe seachtracha agus inmheánacha mar réamhchoinníoll do bheartas AE feidhmiúil. Agus aitheantas á thabhairt don dul chun cinn a gnóthaíodh le hathchóiriú an CET nua, leag an Chomhairle béim ar an ngá do réiteach gasta ar an bpacáiste athchóirithe nua den CET ([3]).

I rith tréimhse an tsamhraidh, cuireadh roinnt **beart *ad hoc* do dhíbhordáil** imirceach sa Mheánmhuir i dtoll a chéile.

Chuir an Coimisiún Eorpach leasuithe spriocdhírithe i láthair leis an mbuntogra ar rialachán maidir le Gníomhaireacht AE don Tearmann (EUAA) an 12 Meán Fómhair 2018. Leathnófaí a thuilleadh leis an togra, a chuireann leis an gcomhaontú polaitiúil sealadach ar ar thángthas idir na comhreachtóirí i mí an Mheithimh 2017, ról oibríochtúil na gníomhaireachta chun tacú le Ballstáit nósanna imeachta tearmainn a bhainistiú arb éifeachtúil agus athléimneach iad.

Idir an dá linn, lean EASO uirthi ag **cur lena hullmhacht** don sainordú nua chun a chinntiú go mbeidh sí oibríochtúil ach a dtiocfaidh an rialacháin maidir le EUAA i bhfeidhm.

([3]) Conclúidí na Comhairle Eorpaí an 28 Meitheamh 2018: https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2018/06/29/20180628-euco-conclusions-final/

# 3. Tosaíochtaí EASO sa bhliain 2018

Shainigh EASO a tosaíochtaí don bhliain 2018 sa chlár oibre 2018, arna ghlacadh ag Bord Bainistíochta EASO an 27 Samhain 2017. Leasaíodh an clár oibre an 31 Iúil 2018 agus an 16 Samhain 2018 le Bord Bainistíochta EASO. Bhí an chéad leasú ag teastáil den chuid is mó chun aghaidh a thabhairt ar an méadú san éileamh ar thacaíocht oibríochtúil san Iodáil agus sa Ghréig, agus freisin de bharr na moille le glacadh an rialacháin maidir le EUAA. Bhain an dara leasú le nósanna imeachta soláthair agus buiséadacha.

Ba iad seo a leanas tosaíochtaí EASO sa bhliain 2018.

**Tacaíocht oibríochtúil, pleanáil agus meastóireacht**

- Tacaíocht oibríochtúil a fhorbairt a thuilleadh ar bhunús riachtanais na hIodáile, na Gréige agus na Cipire atá aitheanta agus ag teacht aníos, maille le Ballstáit féideartha eile a thiocfadh chun tosaigh.
- Tacaíocht oibríochtúil agus theicniúil a sholáthar do na Ballstáit chun cabhrú leo tograí nua an CET a chur chun feidhme ar bhealach tráthúil éifeachtach.
- Tacaíocht a thabhairt don fhorbairt acmhainne laistigh de chórais tearmainn agus ghlactha na dtríú tíortha i gcomharsanacht an Aontais, eadhon na tíortha i réigiún na mBalcán Thiar, sa Tuirc agus i dtuaisceart na hAfraice.
- Ról an Aontais i limistéar an athlonnaithe a neartú, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) agus le comhpháirtithe cur chun feidhme eile, lena n-áirítear an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (EII).
- Leas a bhaint as roinnt uirlisí, agus iad a fhorbairt a thuilleadh, chun a ghníomhaíochtaí oibríochtúla a chur chun feidhme.
- Gníomhaíochtaí tacaíochta sonracha a chur chun feidhme d'athlonnú agus d'oibríochtaí sna teophointí.
- Treoirthionscadal maidir le scéimeanna urraíochta príobháideacha a chur chun feidhme i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, agus rannpháirt iomlán a ghlacadh i staidéar comhthreomhar an Choimisiúin.
- Pleanáil na tacaíochta oibríochtúla a fheabhsú go leanúnach agus modheolaíochtaí oibre a fhorbairt a thuilleadh chun pleananna oibriúcháin a dhréachtú.
- An acmhainn chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla a fheabhsú, le béim mhór ar na torthaí ó chur chun feidhme na bpleananna oibriúcháin, agus a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht a fheabhsú.

**Faisnéis, anailís agus forbairt eolais**

- Córas cuimsitheach COI a fhorbairt don Aontas, lena n-ardófar agus lena gcomhchuibheofar na caighdeáin COI in éineacht le tíortha AE+ agus le príomh-gheallsealbhóirí eile, chomh maith le ról EASO a neartú mar "theach imréitigh" na COI náisiúnta.
- Cruthú an léargais éifeachtaigh ar staid na himirce i ndáil leis an tearmann a chothú, maille le feidhmiúlacht luathrabhaidh, ach tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhailiú sonraí don Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) agus fionnachtana an taighde ar ghníomhaíochtaí i ndáil leis an luathrabhadh a chomhtháthú agus na bunchúiseanna leo a thuiscint.
- An Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta (IDS) a bhunú mar an bunús d'anailísí oibriúchtúla le soláthar faoi na dúshláin reatha agus faoi na limistéir de ghéarchéimeanna féideartha.
- An Córas Faisnéise Tearmainn a chomhtháthú a thuilleadh, agus béim á leagan ar fheabhsú feidhmiúlachtaí na n-eintiteas aonair agus idirnascálacha breise a chruthú idir na comhpháirteanna díobh.
- Cóineasú a chothú maidir leis critéir mheasúnaithe a chur chun feidhme ach iarrachtaí a chomhordú i measc na mBallstát chun anailís chomhchoiteann a fhorbairt lena soláthraítear treoir faoin staid i dtíortha tionscnaimh shonracha.

**Tacaíocht tearmainn**

- Curaclam oiliúna EASO a dhaingniú trína ábhar oiliúna reatha a choinneáil cothrom le dáta le forbairtí nua agus leanúint le seisiúin oiliúna d'oiliúnóirí a eagrú.
- Deiseanna foghlama agus oiliúna a sholáthar chun eolas, scileanna agus inniúlachtaí na n-údarás ábhartha agus na saineolaithe a fheabhsú, ar saineolaithe iad a bheidh le himscaradh i bhfoirne tacaíochta tearmainn (ASTanna).

- Leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí comhair phraiticiúil agus feabhas a chur leo chun faisnéis a bhailiú agus a mhalartú faoi na cleachtais agus na beartais reatha atá i bhfeidhm ag na Ballstáit i ndáil leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn.

- Líonra saintiomanta na nÚdarás Glactha a fhorbairt a thuilleadh ar aon dul leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an imirce.

- Leanúint ar aghaidh le gnéithe a bhaineann le grúpaí leochaileacha a phríomhshruthú i ngach gníomhaíocht ar mhaithe le comhleanúnachas beartais a spreagadh sa réimse sin, lena n-áirítear i gcomhthéacs na tacaíochta oibríochtúla, na hoiliúna agus gníomhaíochtaí eile tacaíochta tearmainn.

- Comhfhorbairt ar ábhair forbartha ghairmiúla a chur ar aghaidh do chomhaltaí cúirteanna agus binsí náisiúnta, agus ar na hábhair sin a scaipeadh ina dhiaidh sin i measc comhpháirtithe sainaitheanta.

- Leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí Líonra Bhaile Átha Cliath a fheabhsú agus treisiú leis an gcomhar, an chomhroinnt faisnéise agus an malartú dea-chleachtas atá ar bun idir na haonaid náisiúnta Bhaile Átha Cliath.

- Leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí Líonra Eisiaimh EASO a fheabhsú agus treisiú leis an gcomhar, an chomhroinnt faisnéise agus an malartú dea-chleachtas ar shaincheisteanna a bhaineann le heisiamh atá ar bun idir na Stáit AE+.

**Gníomhaíochtaí cothrománacha**

- Rannpháirtíocht na n-ionadaithe ón tsochaí shibhialta a chur chun cinn a thuilleadh, caighdeán agus éifeachtacht na gcomhairliúchán a neartú, agus iniúchadh a dhéanamh ar dhlúthbhaint dhíreach na sochaí sibhialta i ngníomhaíochtaí tacaíochta EASO trí threoirghníomhaíochtaí a chur chun feidhme.

- Togra a dhéanamh, i gcomhréir leis an Rialachán EUAA nua, le haghaidh struchtúr (comhdhéanamh agus modhanna oibre) an Fhóraim Chomhchomhairligh athbhreithnithe, bunaithe ar cheachtanna a foghlaimíodh.

- Sineirgí iltreocha a chur chun cinn le gach geallsealbhóir ábhartha i líonra comhair EASO, agus dlús a chur le comhordú, sreabhadh faisnéise, cóineasú agus comhleanúnachas beartas agus cleachtas a bhaineann le sainordú EASO.

- Leanúint ar aghaidh le méadú ar infhaighteacht na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus na réiteach teicniúil i réimse an tearmainn do thíortha AE+, agus córais a fheabhsú a thuilleadh chun tacú le hoibríochtaí inmheánacha EASO leis na héilimh a shásamh i ndáil le fás sa mhéid chomh maith le méadú ar líon na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí.

# 4. Na héachtaí a bhain EASO amach sa bhliain 2018

## 4.1. Tacaíocht oibríochtúil

Is faoi chreatlach a sainordaithe ([4]), a sholáthraíonn EASO tacaíocht oibríochtúil oiriúnaithe do Bhallstáit a thagann faoi bhrú aisteach ar a gcórais tearmainn agus ghlactha.

Ach iarratas a fháil ó Bhallstát, déantar iarrachtaí comhordaithe agus tacaíochta a riar ar bhunús beart agus inseachadtaí comhaontaithe, rud a chuirfidh le cur chun feidhme an CET.

### 4.1.1. An Iodáil

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **1 phlean oibriúcháin curtha chun feidhme agus 1 phlean oibriúcháin nua sínithe** |
| **22 821 chlárúchán d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta comhlánaithe le tacaíocht ó EASO** |
| **151 saineolaí imscartha (cur chun feidhme bhearta an phlean oibriúcháin)** |
| **94 sheisiún oiliúna seachadta le 2 256 dhuine curtha faoi oiliúint i nós imeachta um chinneadh faoin tearmann (clár oiliúna fairsing), clárúchán, rialachán Bhaile Átha Cliath, glacadh le mionaoisigh neamhthionlactha (UAManna), ateangaireacht i gcomhthéacs an tearmainn agus na caomhnóireachta** |

Tá EASO tar éis a bheith ag soláthar tacaíochta d'údaráis na hIodáile ón mbliain 2013 i leith, ar dtús i gcomhthéacs an phlean tacaíochta speisialta (SSP) don Iodáil, a bhí ag oibriú go dtí deireadh mhí an Mhárta sa bhliain 2016. Ba faoi phlean oibriúcháin EASO maidir le hathlonnú teophointí ón Iodáil, a síníodh an 17 Nollaig 2015, a leathnaíodh gníomhaíochtaí oibríochtúla EASO san Iodáil a thuilleadh i gcomhréir leis an gclár Eorpach maidir le himirce lena n-áireofaí bearta tacaíochta speisialta do Bhallstáit tosaigh laistigh den chur chuige teophointe agus athlonnaithe.

Chomhaontaigh EASO agus an Iodáil i mí na Nollag 2016 ar phlean oibriúcháin don Iodáil, ag sainiú na limistéar tacaíochta teicniúla agus oibríochtúla a samhlaíodh sa bhliain 2017. Leasaíodh an plean sin i mí Iúil na bliana 2017 d'fhonn comhar idir EASO agus Ombudsman Leanaí agus Ógánach na hIodáile a áireamh leis.

Leathnaíodh tacaíocht oibríochtúil EASO don Iodáil faoi phlean oibriúcháin nua don bhliain 2018. Cuireann an plean a síníodh an 15 Nollaig 2017 leis an tacaíocht a sholáthair EASO don Iodáil sa bhliain 2017 sna réimsí a leanas: soláthar faisnéise agus clárú iarratasóirí féideartha don chosaint idirnáisiúnta; tacaíocht le próiseáil cásanna Bhaile Átha Cliath; neartú chumas glactha na hIodáile, go háirithe maidir le UAManna; tacaíocht don Roinn um Shaoirsí Sibhialta agus Imirce laistigh d'Aireacht Gnóthaí Baile; gníomhaíochtaí a bhaineann le COI; agus tacaíocht d'Ombudsman Leanaí agus Ógánach na hIodáile le cur chun feidhme na mbeart cosanta do UAManna.

Tugadh isteach ról nua agus feabhsaithe don ghníomhaireacht freisin sa bhliain 2018 maidir le hionramháil na gclárúchán iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, lenar áiríodh maidir le hullmhú comhad faoin nós imeachta tearmainn náisiúnta. Bhí 375 chomhalta AST rannpháirteach go gníomhach thar an mbliain 2018 mar chuid d'imscaradh d'fhad éagsúil i leith inseachadtaí a réamhshamhlaíodh faoi phlean oibriúcháin na bliana 2018 don Iodáil. Ba bhaill foirne eatramhacha (221) a bhí sa líon sin, ar tháinig méadú de réir a chéile ar a líon i gcaitheamh na bliana. Thacaigh Ballstáit le 139 saineolaí de bhunadh 19 dtír (seachas an Iodáil), i dteannta le naonúr ball foirne EASO agus seisear saineolaithe aonair. Bhí baill foirne reachtúla EASO ag obair den chuid is mó sa Róimh agus in Catania, agus bhí saineolaithe agus baill foirne eatramhacha na mBallstát scaipthe ar fud roinnt suíomhanna san Iodáil.

As an iomlán 56 161 iarratas ar thearmann a taisceadh san Iodáil sa bhliain 2018 (an chéad chéim), thug EASO cúnamh le 22 821 chomhad iarratasóirí (41 % den líon iomlán). I rith na bliana céanna, thacaigh saineolaithe EASO le 28 468 ngníomh a bhí nasctha le soláthar faisnéise d'iarratasóirí féideartha ar chosaint idirnáisiúnta san Iodáil. Soláthraíodh faisnéis i gcomhthéacs an nóis imeachta tearmainn náisiúnta, maille le nós imeachta Bhaile Átha Cliath. Tharla réamh-shainaithint na leochaileachta nó an nóis imeachta Bhaile Átha Cliath i 1 598 cás.

Soláthraíodh faisnéis i suíomhanna ar fud chríoch na hIodáile, cé go bhfuil sí cruinnithe sa chuid dheisceartach den tír le linn díbhordálacha nó sna hionaid ghlactha dara líne. Bhraith EASO freisin ar fhoirne soghluaiste nó fánacha lena for-rochtain a fheabhsú. Soláthraíodh tuairim ar 84 % den tacaíocht in Taranto, Reggio Calabria

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, IO L 132, 29.5.2010.




agus Trapani, le dhá fhoireann shoghluaiste imscartha sa Róimh agus sa tSicil.

Soláthraíodh tacaíocht faoi phlean na bliana 2018 freisin sa nós imeachta rialta don Choimisiún Tearmainn Náisiúnta agus do na Coimisiúin Chríochacha. Cuireadh gníomhartha EASO faoin mbeart sin in oiriúint d'éilimh gach suíomh ábhartha, le tacaíocht á soláthar le hullmhú na gcomhad; ullmhú na n-agallamh; COI; agus le hullmhú na gcomhad d'fhreagairt na gCoimisiún Críochach do nósanna imeachta achomharc dara céim. Maidir leis an tacaíocht d'Aonad Bhaile Átha Cliath, díríodh na bearta den chuid is mó timpeall ar fhorbairt acmhainne, athlonnú nó nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath ag imeacht as. Tháinig 2 504 ghníomh mar thoradh ar thacaíocht a soláthraíodh i gcomhthéacs na gcásanna deiridh gan réiteach de réir an nóis imeachta athlonnaithe.

Leanadh ar aghaidh le clár oiliúna fairsing a sheachadadh faoi phlean oibriúcháin na bliana 2018 don Iodáil. Ba é Aonad Oiliúna EASO a sholáthair an clár d'oibrithe cásanna leithleacha eatramhacha arna n-imscaradh leis na húdaráis Iodálacha chun cúnamh leis an bpróiseas tearmainn, go háirithe sa chlárúchán (ar leibhéal an *Questure*) agus cinneadh stádais (An Coimisiún Críochach). Ina theannta sin, chuir EASO Póilíní Imirce agus Teorann na hIodáile faoi oiliúint mar chuid de thacar seisiún oiliúna a eagraíodh sa dara leath den bhliain 2018 a díríodh den chuid is mó ar rochtain a fháil ar an nós imeachta tearmainn.

Tar éis iarratas ar thacaíocht bhreise ó na húdaráis Iodálacha, shínigh EASO agus an Iodáil plean oibriúcháin aonair don bhliain 2019 an 19 Nollaig 2018. Is faoin bplean sin a chothabhálfaidh EASO a tacaíocht don Iodáil maidir le próiseáil iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, chomh maith lena cumas a fheabhsú chun dul i ngleic leis an riaráiste cásanna a carnadh i rith na buaice i líon na ndaoine a tháinig isteach le blianta beaga anuas. Leanfaidh an ghníomhaireacht ar aghaidh ag tacú leis na húdaráis Iodálacha le próiseáil nósanna imeachta Bhaile

Átha Cliath, agus le neartú an Aonaid COI san Iodáil, agus leanfaidh sí ar aghaidh ag soláthar tacaíochta do Roinn na Saoirsí Sibhialta agus Imirce laistigh d'Aireacht Gnóthaí Baile na hIodáile, lena n-áirítear an oifig le freagracht as faireachán an chórais ghlactha. Ina theannta sin, leanfaidh EASO ar aghaidh ag tacú le hOmbudsman Leanaí agus Ógánach na hIodáile le gníomhaíochtaí forbartha acmhainne do chaomhnóirí saorálacha.

### 4.1.2. An Ghréig

| **Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018** |
|---|
| **1 phlean oibriúcháin curtha chun feidhme agus 1 phlean oibriúcháin nua sínithe** |
| **15 876 chlárúchán agus 1 878 réamhchlárúchán comhlánaithe le tacaíocht EASO** |
| **8 958 n-agallamh agus 953 mheasúnú leochaileachta stiúrtha faoi chur chun feidhme ráiteas AE-na Tuirce** |
| **841 agallamh stiúrtha faoin nós imeachta rialta** |
| **Ghlac beolíne EASO le 20 542 cheist, beolíne atá lonnaithe san Aithin** |
| **248 gcuairt ar an láthair le foirne faisnéise soghluaiste EASO agus 8 645 cheist freagartha** |
| **Rannpháirtíocht ghníomhach sa tionscadal cúnaimh theicniúil don ghlacadh agus tacaíocht leathnaithe do ghlacadh UAManna** |
| **45 sheisiún oiliúna oibríochtúla soláthraithe do spriocghrúpaí éagsúla (saineolaithe EASO, baill foirne le Seirbhís Tearmainn na Gréige (GAS) agus le Seirbhís Ghlactha agus Shainaitheanta na Gréige, (ateangairí agus ceannairí foirne); cuireadh 642 dhuine faoi oiliúint san iomlán** |

Ar iarratas a fháil ó rialtas na Gréige, lean EASO ar aghaidh ag neartú a tacaíochta don Ghréig i gcomhréir le bearta comhaontaithe ón mbliain 2011 i leith.

Ar bhunús plean oibriúcháin athnuaite don bhliain 2018, lean EASO ar aghaidh ag soláthar tacaíochta don Ghréig ar bhunús na mbeart reatha, lena n-áirítear tacaíocht don GAS leis an nós imeachta tearmainn ag an teorainn istigh in oileáin na Gréige faoi ráiteas AE-na Tuirce agus don tSeirbhís Ghlactha agus Shainaitheanta. Thacaigh EASO freisin le gníomhaíochtaí dara céim ach rapóirtéirí dlíthiúla a fháil ar iasacht chun cúnamh le breithiúna sna coistí achomharc. Cuireadh iarrachtaí ar bun freisin i leith na ngníomhaíochtaí forbartha acmhainne, go háirithe i limistéar an ghlactha, na sainaitheanta, an mheasúnaithe agus atreorú na n-iarratasóirí leochaileacha, agus sa bhainistiú tionscadail. Leathnaigh EASO a tacaíocht sa bhliain chéanna don GAS maidir leis an nós imeachta rialta.

Is iad na ceannairí foirne a áirithíonn caighdeán na tacaíochta ag EASO do na nósanna imeachta teorann agus rialta, a bhíonn ar dualgas sna teophointí nó suíomhanna oibre, agus ag an deasc chabhrach, a bunaíodh chun na críche sin san Aithin. Is é ceanncheathrú EASO a áirithíonn ráthú cáilíochta dara líne. Chun na críche sin, dréachtaíodh buan-nósanna imeachta oibriúcháin (SOPanna) do thacaíocht EASO leis an nós imeachta rialta, agus athbhreithníodh tacar eile SOPanna don nós imeachta teorann. Dréachtaíodh ocht dtuairisc aiseolais cháilíochta sa bhliain 2018 maidir le haschur saineolaithe EASO, agus thug Deasc Chabhrach EASO aghaidh ar 27 bhfiosrúchán a bhain le saincheisteanna nóis imeachta.

Leanadh ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta oibríochtúla sna cúig theophointe istigh ar na hOileáin Aeigéacha, in éineacht leis an Aithin, Thessaloniki agus suíomhanna eile ar an mórthír. Cé go ndearnadh iniúchadh ar gach iarratas a cláraíodh ar an mórthír faoin nós imeachta rialta, rinneadh clárúcháin ar na hoileáin faoi na nósanna imeachta teorann agus rialta.

Taisceadh beagnach 67 000 iarratas ar thearmann sa bhliain 2018 sa Ghréig, arbh ionann é agus méadú faoi 14 % i gcomparáid leis an iomlán bliantúil a taifeadadh don bhliain roimhe sin (58 724 sa bhliain 2017). Maidir le cinntí céadchéime, tháinig méadú ar an eisreabhadh faoi nach mór aon trian amháin i gcomparáid leis an mbliain 2017, agus tuairiscíodh 32 452 chinneadh sa bhliain 2018 (tuairiscíodh 24 611 don bhliain 2017). Cé is moite de lár na bliana 2017 — nuair ba mhó líon na n-iarratas próiseáilte ná líon na n-iarratas taiscthe ar feadh roinnt míonna — níor leordhóthanach é cumas próiseála an údaráis chinntithigh (GAS) chun cloí leis na leibhéil seasmhacha arda d'iarratais ar thearmann a fuarthas. In ainneoin an mhéadaithe i líon na gcinntí agus na n-aistarraingtí a tháinig chun cinn tar éis mí na Bealtaine 2018, fuarthas beagnach 20 000 iarratas breise ná an méid a fuasclaíodh i rith na bliana céanna.

Chonacthas treocht mhéadaitheach sheasmhach i líon na gcásanna ar feitheamh ag fanacht ar chinneadh céadchéime sa Ghréig ó dheireadh an chláir athlonnaithe i mí Mheán Fómhair 2017. In ainneoin na tacaíochta leanúnaí a sholáthair EASO i gcomhthéacs na saineolaithe imscartha agus na n-oibrithe cásanna eatramhacha chuig na nósanna imeachta ar thearmann, leagadh béim leis an ráta méadaitheach leanúnach den riaráiste (beagnach + 1 900 iarratas ar feitheamh in aghaidh na míosa ar an meán sa bhliain 2018) ar an éileamh d'iarrachtaí agus acmhainní breise laistigh de chreatlach an chomhoibrithe fheabhsaithe idir EASO agus GAS.

Thosaigh EASO an 27 Lúnasa 2018 ag tacú leis an nGréig sa nós imeachta rialta ar thearmann, tar éis clár oiliúna fairsing d'oibrithe cásanna a soláthraíodh thar 8 seachtaine. Glacadh an cinneadh tar éis iarratais

ó Aireacht na Gréige maidir leis an mBeartas Imirce, agus tar éis leasú le reachtaíocht tearmainn na Gréige. Rinne EASO an chéad ghrúpa d'oibrithe cásanna eatramhacha a imscaradh in Lesvos i mí Lúnasa 2018, ar oibrithe iad a earcaíodh agus a cuireadh faoi oiliúint go háitiúil; agus cuireadh an dara grúpa ar dualgas ag an oifig tearmainn réigiúnach in Thessaloniki i dtreo deireadh na bliana. Chuidigh tacaíocht EASO sa nós imeachta rialta chun faoiseamh a thabhairt ar na tascanna agallóireachta ó oibrithe cásanna GAS, ag a mbeadh tionchar iarmhartach ar líon na n-éileamh tearmainn ar feitheamh faoin nós imeachta teorann.

Sholáthair saineolaithe EASO faisnéis d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i rith na bliana 2018 faoin rochtain agus faoin gcreatlach nósanna imeachta sa Ghréig, chomh maith leis an dul chun cinn dá gcásanna aonair trí mheán foirne faisnéise soghluaiste agus beolíne shaintiomanta. D'fhreagair saineolaithe EASO beagnach 26 000 ceist thar an mbliain chéanna. Díríodh an chuid is mó de na ceisteanna sin ar an mbeolíne atá suite san Aithin. I dteannta leis an mbeolíne faisnéise EASO, thug dhá fhoireann shoghluaiste cuairt go rialta ar na suíomhanna glactha ar mhórthír na Gréige. Rinne an dá fhoireann 248 gcuairt ar an láthair agus d'fhreagair 8 645 ceist ar an láthair trí chéile.

Rannchuidigh EASO freisin le feabhas a chur ar chumas phróiseála Aonad Bhaile Átha Cliath na Gréige trí oifigigh eatramhacha a fháil ar iasacht le freagracht as ullmhú agus as seoladh na n-iarratas Bhaile Átha Cliath chuig an mBallstát freagrach. I gcomhthéacs na tacaíochta don Údarás Achomharc, thug EASO rapóirtéirí dlíthiúla ar iasacht chun na Gréige chun cúnamh le hullmhú na gcomhad agus na dtascanna eile maidir le scrúdú na n-achomharc taiscthe i gcoinne cinntí céadchéime ag na Coistí Achomharc neamhspleácha inniúla. Ina theannta sin, eagraíodh ceardlanna sainoiriúnaithe do bhaill foirne ó GAS agus ón Údarás Achomharc sa Ghréig, ag clúdach limistéir éagsúla na cosanta idirnáisiúnta.

Choinnigh EASO uirthi sa bhliain 2018 ag soláthar a hoiliúna oibríochtúla ar bhonn rialta do shaineolaithe na mBallstát arna n-imscaradh sna teophointí. Soláthraíodh oiliúint shainoiriúnaithe freisin do cheannairí foirne EASO.



Ina theannta sin, cuireadh na hateangairí go léir arna n-imscaradh ag EASO sa Ghréig (trí mheán soláthraithe seirbhíse) faoi oiliúint sa mhodúl oiliúna nua d'EASO "Ateangaireacht sa chomhthéacs tearmainn".

Síníodh plean oibriúcháin nua don Ghréig an 19 Nollaig 2018. Cuirtear go leanúnach sa phlean 2019 le tacaíocht oibríochtúil reatha EASO chun na Gréige, lena n-áirítear tacaíocht maidir le próiseáil iarratas faoin nós imeachta tearmainn teorann agus rialta, faoin soláthar faisnéise, faoi ionramháil na n-iarratas tógáil i gcúram Bhaile Átha Cliath, faoi oiliúint an phearsanra Ghréagaigh agus tacaíocht do chóras tearmainn agus glactha na Gréige.

### 4.1.3. An Bhulgáir

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **1 phlean tacaíochta speisialta curtha chun feidhme** |

Cuireadh tús le tacaíocht EASO don Bhulgáir thiar sa bhliain 2013, agus leathnaíodh í ina dhiaidh sin faoi SSP a comhaontaíodh an 5 Nollaig 2014 le forbairt acmhainne a chlúdach i gcomhthéacs UAManna; measúnú leochaileachta; glacadh; caighdeán an nóis imeachta tearmainn; COI agus tacaíocht sa phróiseas cinnteoireachta tearmainn. Leasaíodh agus leathnaíodh an SSP trí huaire thar thréimhse 4 bliana, leis an bplean oibriúcháin speisialta is déanaí ag clúdach gníomhaíochtaí go dtí deireadh na bliana 2018.

Cuireadh tacaíocht fhadtéarmach EASO don Bhulgáir i gcrích go foirmiúil tar éis comhaontú leis na húdaráis Bhulgáracha an 27 Samhain 2018. Tháinig cur i gcrích rathúil d'oibríochtaí EASO sa Bhulgáir mar thoradh ar an mbrú laghdaithe ar a córas tearmainn agus glactha, chomh maith le feabhsú suntasach a cláraíodh i gcumas na tíre chun a córais tearmainn agus ghlactha a bhainistiú.



### 4.1.4. An Chipir

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **3 bheart SSP curtha chun feidhme (riaráiste, glacadh agus teagmhas/clárúchán)** |
| **731 agallamh stiúrtha** |
| **724 fhocal scoir dréachtaithe** |
| **2 287 gclárúchán curtha i gcrích** |
| **3 sheisiún oiliúna seachadtha do shaineolaithe imscartha EASO agus do chúntóirí clárúcháin (14 dhuine curtha faoi oiliúint)** |
| **Oibríochtaí atosaithe i lárionad glactha Kofinou** |

Taisceadh 7 791 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta sa Chipir sa bhliain 2018, arbh ionann é agus méadú faoi 74 % ón mbliain 2017. D'ainneoin na líonta méadaitheacha iarratas, d'fhan líon na gcásanna próiseáilte cuibheasach cobhsaí agus i gcomhréir leis an mbliain roimhe sin, in ainneoin an aschuir rud beag méadaithe sa dara leath den bhliain 2018.

Thug an ghníomhaireacht tacaíocht don Chipir ón mbliain 2014 i leith faoi SSP. Glacadh leasú leis an bplean i mí na Nollag 2017, ag leathnú tráthlíne tacaíochta EASO leis na húdaráis Chipireacha go dtí 31 Eanáir 2019.

Leanadh ar aghaidh sa bhliain 2018 ag tabhairt aghaidh ar thacaíocht EASO i dtéarmaí bainistiú an riaráiste ach ASTanna a imscaradh, agus tríd an gcúnamh a soláthraíodh le feabhsú cumas na seirbhíse tearmainn a saoráidí glactha a bhainistiú agus a fheabhsú araon i gcomhréir lena hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le glacadh na n-iarrthóirí tearmainn. Eisíodh beagnach 2 500 cinneadh tríd an mbliain 2018 d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Astu siúd, bhí 1 217 ina gcinntí dearfacha lenar deonaíodh stádas dídeanaí (16 %) nó cosaint choimhdeach (84 %). B'ionann an meánráta aitheantais don bhliain 2018 agus 49 %, a tharla gan athrú ón ráta aitheantais 50 % a chonacthas an bhliain roimhe sin.

Thacaigh EASO i rith na bliana 2018 leis an tseirbhís tearmainn sa Chipir chun cásanna tearmainn a phróiseáil ag an gcéad chéim d'fhonn an méadú sa riaráiste a fhuascailt. Ba sa chomhthéacs sin a d'imscar EASO saineolaithe a stiúir 731 agallamh maidir le 27 saoránacht ar leithligh sa Niocóis. Dhréachtaigh saineolaithe imscartha EASO timpeall ar 724 fhocal scoir freisin thar an tréimhse chéanna.

Sholáthair EASO freisin tacaíocht spriocdhírithe don lárionad glactha in Kofinou trí mheán forbairt acmhainne maidir le bainistiú agus pleanáil campa, agus tacaíocht le hobair shóisialta. Cé gur cuireadh an ghníomhaíocht sin




ar fionraí ar feadh tréimhse idir míonna Iúil agus Mheán Fómhair, atosaíodh an obair sa ráithe dheireanach den bhliain tar éis comhaontú i dtaca le réamhchoinníollacha agus idirdhealú soiléir idir róil agus freagrachtaí.

I dtéarmaí imscaradh na saineolaithe, d'imscar EASO 49 saineolaí chun tacú le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí ar tugadh achoimre orthu sa SSP don Chipir. Bhí 25 % (12) díobh siúd ina saineolaithe Ballstáit agus bhí 37 acu ina saineolaithe eatramhacha. Agus aitheantas á thabhairt do líon daoine méadaithe ag teacht isteach agus ar iarratas ó na húdaráis Chipireacha, sholáthair EASO tacaíocht clárúcháin eatramhach ó dheireadh mhí Iúil ar aghaidh. Faoi dheireadh na bliana, bhí seisear ball foirne EASO, lonnaithe i gceithre shuíomh (oifigí dúiche na bpóilíní imirce) tar éis 2 287 gclárúchán a chur i gcrích.

Chomhaontaigh EASO agus na húdaráis Chipireacha i mí na Nollag 2018 ar phlean oibriúcháin nua don bhliain 2019, ina bhfeicfear formhéadú ar thacaíocht oibríochtúil don Chipir ar fud gach beart reatha. Ina theannta sin, tacóidh EASO leis na húdaráis Chipireacha i réimse an bhainistithe sonraí agus an chomhordaithe.

### 4.1.5. An ghné sheachtrach

| **Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018** |
|---|
| **Na Balcáin Thiar:**<br>**Treochláir náisiúnta leis an tSeirbia agus leis an Macadóin Thuaidh curtha chun feidhme**<br>**Clár II na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais "Tacaíocht réigiúnach don bhainistiú imirce atá íogair ó thaobh na cosanta de sna Balcáin Thiar agus sa Tuirc" curtha chun feidhme**<br>**30 gníomhaíocht forbartha acmhainne curtha chun feidhme** |
| **an Tuirc:**<br>**5 ghníomhaíocht forbartha acmhainne curtha chun feidhme faoin treoir-threochlár EASO-Ard-Stiúrthóireacht maidir le Bainistiú Imirce (DGMM)**<br>**3 chruinniú EASO-DGMM eagraithe d'athbhreithniú agus do mheastóireacht an treoir-threochláir EASO-DGMM agus do shainiú na gcáipéisí treochláir nua**<br>**13 ghníomhaíocht forbartha acmhainne curtha chun feidhme faoin dara treochlár EASO-DGMM** |
| **Réigiún an Mheánoirthir agus tuaisceart na hAfraice:**<br>**2 chlár forbartha agus cosanta réigiúnacha do ghníomhaíochtaí i ndáil le tuaisceart na hAfraice**<br>**1 mhisean aimsithe fíoras chun na hÉigipte**<br>**2 ghníomhaíocht forbartha acmhainne chun tacú leis an Éigipt**<br>**Rannpháirtíocht i gcruinniú téamach Phróiseas Chartúm maidir le cosaint ban agus cailíní agus iad ag gluaiseacht idir an Afraic agus an Eoraip i mí Mheán Fómhair 2018, láithreoireacht maidir le hUirlis EASO do Shainaithint Daoine le Riachtanais Speisialta** |
| **Athlonnú:**<br>**Measúnú féidearthachta don tacaíocht oibríochtúil le Ballstáit ag athlonnú ón Tuirc**<br>**2 sheisiún den mhodúl oiliúna faoin athlonnú**<br>**1 treoirthionscadal maidir le cláir urraíochta príobháideacha (PSPanna)** |

Tá méadú tar éis teacht ar an tábhacht a bhaineann leis an díospóireacht pholaitiúil maidir le tearmann agus imirce san Aontas i gcomhthéacs chaidreamh seachtrach an Aontais. I gcomhréir le straitéis gníomhaíochta seachtraí EASO agus le doiciméid chlársceidealaithe aonair EASO, thug EASO tacaíocht forbartha acmhainne don bhliain 2018 ar mhaithe le feabhas a chur ar an gcosaint

a thugtar d’iarrthóirí tearmainn agus do dhídeanaithe i dtríú tíortha tosaíochta, agus chun iarrachtaí na dtíortha AE+ a éascú maidir le rochtain a thabhairt ar an Aontas do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

## Tacaíocht do thríú tíortha

D’oibrigh EASO go príomha sa bhliain 2018 le réigiún na mBalcán Thiar agus leis an Tuirc. Áirítear leis na gníomhaíochtaí forbartha acmhainne i dtríú tíortha oiliúint, cóitseáil i mbun poist, comhdhálacha, ceardlanna agus cineálacha eile cúnaimh theicniúil i réimse na cosanta idirnáisiúnta.

Mar phríomh-chomhpháirtí i gcur chun feidhme na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais II, “Tacaíocht réigiúnach don bhainistiú imirce atá íogair ó thaobh na cosanta de sna Balcáin Thiar agus sa Tuirc” ón mbliain 2016 i leith, soláthraíonn EASO tacaíocht réigiúnach agus náisiúnta d’fhonn na córais náisiúnta tearmainn agus ghlactha a neartú agus d’fhonn comhar réigiúnach agus córais bhainistithe imirce atá íogair ó thaobh na cosanta de a chur chun cinn sna Balcáin Thiar agus sa Tuirc.

Is fiú a aibhsiú gur fheidhmigh EASO mar óstach i mí Feabhra 2018 ar threoir-cheardlann um oiriúnú maidir le huirlisí EASO agus le treoracha praiticiúla do **riaracháin na mBalcán Thiar** maidir le caighdeán na n-aistriúchán agus maidir le hoiriúnú a dhéanamh go comhthéacsanna náisiúnta. D’eagraigh EASO dhá **mhisean scóipe freisin sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin** chun measúnú a dhéanamh ar thacaíocht a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo i bhfianaise plean gníomhaíochta éigeandála na Boisnia agus na Heirseagaivéine a seoladh chuig an gCoimisiún Eorpach i mí na Bealtaine 2018.

**Faoi mar a comhaontaíodh sna treochláir náisiúnta don tSeirbia agus don Mhacadóin Thuaidh**, chuir EASO tacaíocht theicniúil ar fáil do chéimeanna éagsúla an nóis imeachta tearmainn, go háirithe maidir le nósanna imeachta pleanála teagmhais, glactha, clárúcháin agus scrúdaithe.

Ar bhonn réigiúnach, thacaigh EASO le tionscnamh réigiúnach na himirce, an tearmainn agus na ndídeanaithe trí idirphléití faoin ról a d’fhéadfadh a bheith aici i ngníomhaíochtaí oiliúna réigiúnacha tearmainn agus ar líonraí na gcleachtóirí réigiúnacha, lena n-áirítear maidir le COI. Ina theannta sin, d’aistrigh agus thug



EASO isteach go réigiúnach uirlis phraiticiúil EASO-na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) don chéad oifigeach teagmhála maidir le rochtain ar an nós imeachta tearmainn (Samhain 2018). Tá sé beartaithe leis sin a áirithiú go bhfuil rochtain fhónta ag iarrthóirí tearmainn ar chosaint idirnáisiúnta.

Eagraíodh roinnt gníomhaíochtaí sa bhliain 2018 **i gcomhar leis an Tuirc** chun tacú le DGMM d'Aireacht Gnóthaí Baile na Tuirce. Cuireadh i gcrích treoir-threochlár EASO–DGMM (Meán Fómhair 2017-Feabhra 2018).

Beidh an dara treochlár EASO-DMM ar siúl idir Márta 2018 agus Meitheamh 2019, agus é comhdhéanta de phríomhréimsí comhair chun cumas na foirne DGMM a fheabhsú sa mheasúnú ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta: cumas an Aonaid COI in DGMM a fheabhsú, lena gcuirtear forbairt acmhainne ar fáil do bhaill foirne DGMM agus lena neartófar cumas na foirne a bhíonn ag obair le grúpaí leochaileacha.

Ghlac EASO páirt sa bhliain 2018 i misean aimsithe fíoras chun na hÉigipte i gcomhthéacs idirphlé maidir le himirce idir an tAontas Eorpach agus an Éigipt chun bealaí féideartha comhair a phlé idir an Éigipt agus EASO sa bhliain 2019. Chuir EASO saineolas ar fáil freisin i gcúrsa oiliúna ó Lárionad Idirnáisiúnta Chaireo maidir le Réiteach Coinbhleachtaí, Síochánaíocht agus Cothú na Síochána i ndáil le "Gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach a chomhrac" i míonna Iúil agus Mheán Fómhair 2018.

**Mar chuid de na bearta leantacha a tháinig as cruinniú mullaigh Vaileite**, rinne EASO a hUirlis dp Shainaithint Daoine le Riachtanais Speisialta a chur i láthair ag cruinniú téamach Phróiseas Chartúm i ndáil le mná agus cailíní a chosaint agus iad ag gluaiseacht idir an Afraic agus an Eoraip.

### Athlonnú

Mar fhorbairt ar chleachtadh mapála a rinneadh ar phróisis athlonnaithe na mBallstát thiar sa bhliain 2017 sa Tuirc, b'amhlaidh sa chéad leath den bhliain 2018 a thug EASO faoi chleachtadh measúnaithe féidearthachta chun na bearta féideartha le glacadh a shainiú, d'fhonn cur le héifeachtúlacht agus éifeachtacht na próiseála athlonnaithe ón Tuirc, bunaithe ar riachtanais, ar dhúshláin agus ar dheiseanna arna sainaithint leis na Ballstáit, i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach (an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile), le UNHCR agus le geallsealbhóirí eile. Cuireadh torthaí an mheasúnaithe féidearthachta faoi bhráid Bhord Bainistíochta EASO i mí Mheán Fómhair 2018. Thug Bord Bainistíochta EASO faomhadh don togra treoirthionscadal 18 mí a sheoladh i gcomhair na saoráide tacaíochta athlonnaithe sa Tuirc. Chuir EASO tús ina dhiaidh sin leis na hullmhúcháin don treoirthionscadal sin.

Mar chomhpháirtí le gníomhaíocht an Aontais maidir le hathlonnú agus ligean isteach do dhídeanaithe trí thionscadal nua eolais, thug EASO tacaíocht don fhorbairt ar mhodúl oiliúna maidir le hathlonnú, mar chuid de churaclam oiliúna EASO, a tionscnaíodh mar threoirthionscadal i mí na Nollag 2018.

Sa teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur i gcrích an chláir oibre Eorpach don imirce an 27 Meán Fómhair 2017, thug an Coimisiún spreagadh do na Ballstáit chun féachaint ar bhealaí chun scéimeanna urraíochta príobháideacha a bhunú, i gcás inar féidir le grúpaí príobháideacha d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá i ngátar cosanta. Chun na críche sin, iarradh ar EASO treoirthionscadal a chomhordú ar PSPanna i gcomhar le tíortha leasmhara AE+, le go mbeadh eagraíochtaí agus gníomhaithe éagsúla páirteach i gcomhar le Ballstáit an Aontais. Thionscain EASO ardán sa bhliain 2018 d'idirmhalartú agus do chomhphlé i measc na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí ábhartha maidir leis na dúshláin agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus PSPanna á bpleanáil agus á gcur chun feidhme. Bhí EASO páirteach go gníomhach in obair an Choiste Stiúrtha maidir leis an staidéar a sheol an Coimisiún Eorpach ar fhéidearthacht agus ar bhreisluach na scéimeanna urraíochta mar bhealach féideartha ar chonairí sábháilte chun iad a ligean isteach chuig an Aontais, lena n-áirítear athlonnú.

**Líonra Ghné Sheachtrach EASO**

Ar 3 Bealtaine 2018, d'fheidhmigh EASO mar óstach do chruinniú Líonra Ghné Sheachtrach EASO i Málta. Bhí sé mar aidhm ag an gcruinniú deis a chur ar fáil chun faisnéis a idirmhalartú idir tíortha AE+ agus EASO maidir le gníomhaíochtaí atá ar siúl faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Sa chomhthéacs céanna, d'eagraigh EASO ceardlann i scileanna idirbheartaíochta an 4 Bealtaine 2018, inar soláthraíodh tuiscint mhaith do na rannpháirtithe ar theicnící idirbheartaíochta agus ar a bhfeidhmiú.

## 4.2. Pleanáil, meastóireacht agus uirlisí tacaíochta

### 4.2.1. Gníomhaíochtaí tacaíochta agus uirlisí le haghaidh oibríochtaí

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| Córas Díorma um Idirghabháil Tearmainn de chuid EASO seolta |
| 2 chruinniú reáchtáilte ag pointí teagmhála náisiúnta (PTNanna) de chuid na Díorma um Idirghabháil Tearmainn (AIP) |
| Treoir forbartha d'úsáideoirí measúnaithe ar riachtanais |
| 7 dteimpléad comhchuibhithe le haghaidh pleananna oibriúcháin a dhréachtú agus maidir le pleanáil airgeadais bunaithe ar bhearta |
| Cásanna buiséid ilíocha coigilte costais forbartha d'oibríochtaí na bliana 2018 sa Ghréig, san Iodáil, sa Chipir agus sa Bhulgáir sa chéad leath den bhliain |
| Cúnamh teicniúil do dhearadh pleanála 3 threochlár ilbhliantúla, 3 phlean oibriúcháin agus 1 tionscadal athlonnaithe EASO |
| Tacaíocht theicniúil do 3 chleachtadh measúnaithe ar riachtanais chuimsitheacha agus tosaíochta san Iodáil, sa Ghréig agus sa Chipir |

Leanadh ar aghaidh le hiarrachtaí sa bhliain 2018 le feabhas a chur ar phleanáil agus meastóireacht EASO i gcomhthéacs a tacaíochta oibríochtúla. Shocraigh an ghníomhaireacht chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a modheolaíochtaí oibre maidir le dréachtú pleananna oibriúcháin.

Dearadh roinnt uirlisí tacaíochta — agus cúnamh teicniúil ag gabháil leo — sa bhliain 2018. Áiríodh leo sin teimpléid shaintiomanta maidir le pleanáil, faireachán agus meastóireacht. Forbraíodh cineálacha cur chuige nuálacha chun cumas EASO a fheabhsú chun freagairt d'éilimh oibríochtúla. Buaicphointe amháin ab ea dearadh agus bailíochtú treorach d'úsáideoirí maidir le measúnú riachtanas, lenar múnlaíodh pleanáil agus dearadh pleananna oibríochta EASO don bhliain 2019 agus treochláir ilbhliantúla don Chipir, don Ghréig agus don Iodáil.

Is céim ríthábhachtach atá sa treoir seo d'fhonn ullmhú lámhleabhar oibríochtaí EASO ina soláthrófar modheolaíocht struchtúrtha do chur chun feidhme chur chuige bainistíochta an timthrialla tionscadail ina chéimeanna éagsúla. Sa chomhthéacs sin, glacadh na chéad chéimeanna sa bhliain 2018 chun treoir d'úsáideoirí faireacháin a fhorbairt, a bhfuiltear ag súil leis go gcuirfear i gcrích faoi lár na bliana 2019 í. Táthar ag samhlú treoracha breise d'úsáideoirí atá dírithe ar chéimeanna bainistíochta den timthriall tionscadail do na blianta 2019 agus 2020. Cloch mhíle eile ab ea dearadh modheolaíochta meastóireachta inmheánach a bhí oiriúnach dá feidhm, a stiúradh mar threoirthionscadal agus a comhdhlúthaíodh san Iodáil, sa Ghréig agus sa Bhulgáir.

Seoladh Córas na Díorma um Idirghabháil Tearmainn EASO go hoifigiúil an 13 Márta 2018. Tá an córas comhtháite gréasánbhunaithe sin deartha d'fhonn acmhainní oibríochtúla arna gcomhthiomsú in AIP EASO a bhainistiú, agus a imscaradh trí EASO le linn a gníomhaíochtaí tacaíochta oibríochtúla sna Ballstáit. Ceadaítear leis an gcóras nua do thacaíocht níos fearr a thabhairt do phleanáil agus do thuairisciú ar imscaradh. Seachadadh oiliúint spriocdhírithe do PTNanna freisin ar fheidhmiúlacht agus gnéithe na huirlise, agus tacaíocht phraiticiúil á cur ar fáil ag an am céanna maidir le húsáid an chórais. Tá tuilleadh feabhsuithe ar an gcóras beartaithe don bhliain 2019 maidir leis an tuairisciú ar imscaradh, léirshamhlú ganntanas i gcomhair pointí teagmhála náisiúnta (PTNanna) agus feidhmchlár móibíleach, i measc nithe eile.

Reáchtáladh dhá chruinniú phraiticiúla um chomhar le PTNanna AIP sa bhliain 2018, le rannpháirtíocht ó thíortha AE+, ón gCoimisiún agus ó UNHCR. Díríodh aird sna comhphléití ar ghníomhaíochtaí tacaíochta oibríochtúla EASO sna blianta 2017 agus 2018, ar imscaradh saineolaithe, ar bhainistiú an AIP faoin gcreat dlíthiúil reatha agus ar athruithe dá bhforáiltear faoin rialachán EUAA amach anseo. Díríodh aird sa chomhphlé freisin ar an tslándáil, an tsláinte agus an tsábháilteacht in oibríochtaí EASO agus rinneadh measúnú ar an aiseolas a fuarthas ó shaineolaithe imscartha.

Rinneadh iarrachtaí breise freisin an phleanáil agus an ullmhacht theagmhasach a fheabhsú, agus chun cur le hathléimneacht agus cumas EASO chun idirghabháil a dhéanamh go tapa mar fhreagra ar athruithe sna sreafaí imirceacha. Tar éis treoir EASO maidir le coinníollacha glactha a eisíodh sa bhliain 2016, d'eisigh an ghníomhaireacht treoir maidir le pleanáil theagmhasach i gcomhthéacs glactha i mí an Mhárta 2018. Áirithítear leis an bpleanáil theagmhasach go dtabharfar freagra tapa, d'aon ghnó, agus dea-chóir, ar aon chás nó teagmhas foircneach a mbeadh bearta speisialta teagmhasacha de dhíth orthu. Ba sa chomhthéacs sin a rinne Coimisiún Eorpach tograí an Comhchórais Eorpaigh Thearmainn a oiriúnú agus an creat dlíthiúil a athrú. Cheanglófaí ar stáit AE+ leis an treoir athmhúnlaithe maidir le coinníollacha glactha pleananna teagmhais náisiúnta a bheith acu a bheadh ullmhaithe níos fearr i gcás insreabhadh tobann mór.

Nuashonraíodh ardáin oibríochtúla IDS don Ghréig agus don Iodáil araon chun gníomhaíochtaí, suíomhanna agus treoir a léiriú atá ábhartha do phleananna 2018. Cothabháladh an t-ardán le haghaidh na Cipire le húsáid theoranta i ngeall ar imscaradh a tarraingíodh siar. Cuireadh acmhainní breise ar fáil don Ghréig, don Iodáil agus don Chipir maidir le fiosruithe COI.

### 4.2.2. Oiliúint oibríochtúil agus tacaíocht cáilíochta

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **10 gclár oiliúna forbartha do shaineolaithe a bhíonn ag obair sa réimse** |
| **38 gclár oiliúna curtha ar fáil** |
| **160 seisiún oiliúna eagraithe** |
| **3 219 rannpháirtí i seisiúin oiliúna oibríochtúla** |
| **2 sheisiún d'oiliúint na n-oiliúnóirí curtha ar fáil faoi oiliúint oibríochtúil (maidir le rialachán Bhaile Átha Cliath III sa Róimh agus ar an modúl "Ateangaireacht i gcomhthéacs an tearmainn" san Aithin)** |
| **93 athbhreithniú cáilíochta stiúrtha don Ghréig (76) agus don Chipir (17)** |
| **10 dtuairisc ar aiseolas cáilícohta ullmhaithe don Ghréig (8) agus don Chipir (2)** |

Maidir le gníomhaíochtaí oiliúna oibríochtúla, d'fhorbair EASO 10 gclár oiliúna ar an iomlán sa bhliain 2018 agus rinne siad 160 seisiún oiliúna a chur ar fáil do bhreis agus 3 219 rannpháirtí. Fuair oibrithe cásanna eatramhacha agus saineolaithe imscartha in oibríochtaí EASO oiliúint speisialaithe go fóill inar díríodh ar a gcuid cúraimí agus ar an gcomhthéacs oibríochtúil. Áiríodh leis an oiliúint sin gné chóitseála freisin. Thairis sin, cuireadh oiliúint ar ateangairí imscartha ag EASO i modúl nua oiliúna EASO maidir le "Ateangaireacht sa chomhthéacs tearmainn'" (an Ghréig) agus cláraíodh idirghabhálaithe cultúrtha i seisiúin oiliúna saincheaptha chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas oiliúna (an Iodáil). Rinneadh tuilleadh forbartha agus nuashonrú ar an ábhar oiliúna oibríochtúil.

Lean EASO ar aghaidh freisin ag forbairt uirlisí agus próiseas tacaíochta lena n-úsáid sna teophointí agus le gníomhaíochtaí athlonnaithe. Rinneadh athbhreithniú ar SOPanna na nósanna imeachta maidir le tearmann teorann a chur chun feidhme i gcomhthéacs an ráitis idir an tAontas agus an Tuirc sa bhliain 2018, agus ullmhaíodh SOPanna nua i gcomhar leis an GAS, maidir le rannpháirtíocht EASO sa nós imeachta tearmainn rialta sa Ghréig.

Rinneadh athbhreithniú ar na teimpléid a úsáidtear chun agallaimh a stiúradh agus tuairimí a dhréachtú sna nósanna imeachta tearmainn teorann sa Ghréig, agus ullmhaíodh teimpléid nua chun agallaimh a stiúradh agus tuairimí a dhréachtú sna nósanna imeachta tearmainn rialta sa Ghréig.

Forbraíodh dhá dhoiciméad treorach nua chun cúnamh le hoibrithe cásana leithleacha agus agallaimh á stiúradh le hiarratasóirí ag a mbíonn próifílí sonracha ó thíortha tionscnaimh roghnacha. Rinneadh seiceáil cháilíochta ar 76 chás (idir agallamh agus thuairim) agus rinneadh ocht gcinn de thuarascálacha maidir le haiseolas cáilíochta a dhréachtú agus a chomhroinnt leis na hoibrithe cásanna leithleacha sna teophointí sa Ghréig. Thairis sin, thug deasc chabhrach EASO aghaidh ar 27 bhfiosrúchán sa Ghréig.

Maidir le hoibríochtaí EASO sa Chipir, rinneadh seiceáil cháilíochta ar 17 gcás ach úsáid a bhaint as Uirlis Dearbhaithe Cáilíochta EASO, agus dréachtaíodh dhá thuarascáil aiseolais ó thaobh cáilíochta de.

### 4.2.3. Faireachán agus meastóireacht ar oibríochtaí

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **Modheolaíocht meastóireachta oibríochtúil a dhearadh (mar chuid de threoir shaintiomanta d'úsáideoirí maidir le meastóireachtaí)** |
| **Bainistiú ar 3 mheastóireacht inmheánacha san Iodáil (plean oibriúcháin 2017) agus sa Ghréig (plean oibriúcháin 2017 agus athbhreithniú lárthéarma ar phlean oibriúcháin 2018)** |
| **Dearadh modheolaíochta agus uirlisí faireacháin atá bunaithe ar thorthaí, mar chuid de dhréacht-treoir EASO d'úsáideoirí maidir le faireachán** |
| **Tacaíocht theicniúil do thascairí faireacháin *ex post* agus do bhunachair shonraí san Iodáil, sa Ghréig agus sa Chipir** |

Déantar faireachán leanúnach ar oibríochtaí agus ar ghníomhaíochtaí EASO laistigh de na Ballstáit agus i limistéar na gné seachtraí, i dtéarmaí buiséid, leithdháileadh acmhainní agus feidhmíochta, trí phróiseas athbhreithnithe lárthéarma agus meastóireachtaí deiridh. Eisíodh cúig thacar de thuarascálacha faireacháin thréimhsiúla/lárthéarma sa bhliain 2018 ar phleananna oibriúcháin reatha, lena n-áirítear:

— tuarascálacha faireacháin mhíosúla rialta amhail Bealtaine 2018 maidir leis an bplean oibriúcháin don Ghréig;

— tuarascálacha faireacháin mhíosúla rialta amhail Bealtaine 2018 maidir leis an bplean oibriúcháin don Iodáil;

— tuarascálacha faireacháin ráithiúla maidir leis an bplean oibriúcháin don Iodáil;

— athbhreithniú lárthéarma maidir leis an bplean oibriúcháin don Ghréig; agus

— athmheasúnú ar an bplean oibriúcháin don Iodáil (beart IT1, tacaíocht mhodheolaíoch).

Tugadh isteach córas faireacháin maidir le hoibríochtaí inmheánacha sa bhliain 2018 chun foráil a dhéanamh maidir le faireachán rialta ar tháscairí feidhmíochta agus sonraí le haghaidh tuairisciú tréimhsiúil ar chur chun feidhme pleananna oibriúcháin.



© Utenriksdepartementet UD, campa Banki IDP, Stát Borno, oirthuaiscirt na Nigéire: An 9 Samhain 2016, bailíonn mná agus páistí uisce ó thollphoill I gCampa IDP Mafa, Stát Borno, oirthuaiscirt na Nigéire.

## 4.3. Faisnéis, anailís agus forbairt eolais

### 4.3.1. Faisnéis faoin tír thionscnaimh (COI)

| **Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018** |
|---|
| **23 thuarascáil nua COI léirithe** |
| **2 chruinniú de Líonra Straitéiseach COI EASO** |
| **20 cruinniú téamach maidir le tíortha tionscnaimh** |
| **40 809 gcruinniú ar thairseach COI EASO (cuairteanna EASO inmheánacha as an áireamh)** |

An soláthar faisnéise faoin tír thionscnaimh maidir le réimse leathan tríú tíortha agus téamaí; tá sé ríthábhachtach do chinntí tearmainn atá eolach, cothrom agus dea-réasúnaithe agus don fhorbairt beartais fhianaisebhunaithe. Ar bhunús an chláir oibre Eorpaigh maidir le himirce (2015) agus na conclúidí ón gComhairle an 21 Aibreán 2016 ina dhiaidh sin, lean EASO ar aghaidh ag treisiú an róil atá aici mar theach imréitigh COI náisiúnta. Choinnigh EASO uirthi le COI spriocdhírithe, ábhartha, iontaofa, cruinn agus nuashonraithe a fháil faoi réir modheolaíochta bunaithe. Ba laistigh de chomhthéacs chur chuige líonra COI EASO sa bhliain 2018, chuir EASO roinnt tuarascálacha COI ar fáil, atá inrochtana ar Thairseach COI EASO: https://coi.easo.europa.eu/

Iarrtar sa togra ón gCoimisiún maidir le EUAA, atá fós faoi chaibidil ag tráth scríofa ar leibhéal an Aontais, go ndéanfaí comhordú ar thionscnaimh náisiúnta maidir le táirgeadh COI trí líonraí COI a bhunú agus a bhainistiú i measc na mBallstát. Chun na críche sin, d’fhéadfaí comhordú a fheabhsú trí phleananna náisiúnta táirgthe a chomhroinnt go héifeachtach ar ardán saintiomanta, agus trí bhorradh a chur faoi tháirgeadh comhpháirteach táirgí COI le EASO. Rinneadh cuíchóiriú agus comhchuibhiú breise dá réir le cruthú agus le comhroinnt faisnéise faoin tír thionscnaimh trí mheán an chur chuige líonra ar ghlac EASO leis. D’fhonn feabhas a chur ar rochtain na ngeallsealbhóirí ar COI, lean EASO ar aghaidh le feabhas a chur ar a Tairseach COI.

Bhí dhá chruinniú ann den Líonra Straitéiseach COI le EASO sa bhliain 2018, lena gcuirtear ionchur straitéiseach ar fáil maidir le plean oibre EASO do COI a fhorbairt. Le linn na bliana céanna, d'fheidhmigh EASO mar óstach do 22 cruinniú ar thíortha tionscnaimh nó ábhair COI, lena n-áirítear:

— ceithre chruinniú comhair phraiticiúil maidir le hAfganastánaigh san Iaráin, faoin Iaráic, faoin mBanglaidéis agus faoi Mailí agus faoin gCósta Eabhair;

— ceithre chruinniú den Líonra Speisialtóirí COI ar an Afganastáin, ar an tSomáil, ar an bPacastáin agus ar iarthar na hAfraice;

— seacht gcruinniú tosaigh na bhfoirne dréachtaithe maidir le tuarascálacha ar Mhailí, ar an Nigéir (tuarascáil COI), ar an Rúis, ar an Iaráic, ar an gCósta Eabhair, tuarascáil ar na príomhtháscairí socheacnamaíocha faoin Afganastáin agus tuarascáil na staide slándála ar an Iaráic;

— cruinniú comhchoiteann de riarthóir tairsí náisiúnta amháin maidir le Tairseach COI EASO;

— cruinniú amháin de ghrúpa oibre modheolaíochta COI;

— cruinniú meastóireachta amháin maidir le comhtháirgeadh COI ar an Afganastáin;

— faisnéis faoi thír thionscnaimh amháin faoi chruinniú an Líonra Inrochtaineachta (MedCOI);

— imeacht amháin d'úsáideoirí MedCOI;

— ceardlann amháin ar an tSomáil;

— comhdháil amháin ar an Iaráic.

Laistigh de na líonraí speisialtóirí, comhroinneann taighdeoirí náisiúnta COI faisnéis maidir le riachtanais COI, ar tháirgí COI náisiúnta agus ar mhisin náisiúnta COI le déanaí agus amach anseo agus ar mhisin aimsithe fíoras, chun dúbláil agus forluí sna hiarrachtaí a sheachaint. Cuireann na líonraí creatlach ar fáil freisin do chomhtháirgeadh COI agus tugann siad comhfhreagraí ar cheisteanna COI. Fuair agus thug EASO freagra ar 137 bhfiosrúchán COI sa bhilain 2018.

Choinnigh EASO uirthi ag forbairt a tionscadail aistrithe MedCOI. Is tionscadal é MedCOI a tionscnaíodh thiar sa bhliain 2010 agus é mar aidhm leis rochtain ar COI leighis a fheabhsú d'údaráis náisiúnta imirce agus tearmainn san Eoraip. Is í an Ísiltír a chuireann an tionscadal chun feidhme (Oifig na gComhairleoirí Leighis Ollannacha — BMA) maille leis an mBeilg (Deasc na Beilge maidir le hInrochtaineacht — BDA), in éineacht leis an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt an Bheartais Imirce. Le linn an 12ú cruinniú den bhord bainistíochta a bhí ag EASO sa bhliain 2013, gheall EASO go nglacfadh sí faoina cúram gníomhaíochtaí an tionscadail MedCOI i gcomhréir le plean gníomhaíochta a comhaontaíodh leis na Ballstáit. Cuireadh tús le haistriú an tionscadail chuig EASO le cruinniú tosaigh i mí Dheireadh Fómhair 2017, agus táthar ag súil go rithfidh EASO go dtí 2020 nuair a bheidh sé beartaithe ag EASO an cumas iomlán a bheith aige chun na seirbhísí MedCOI a sheachadadh mar chuid dá hoibríochtaí laethúla. D'eagraigh EASO cruinnithe éagsúla chun modúl oiliúna maidir le MedCOI a fhorbairt i rith na bliana 2018. Thairis sin, ghlac EASO páirt i seachadadh na seirbhíse MedCOI maidir le freagairt d'iarrataí aonair agus d'eagraigh sí imeacht d'úsáideoirí i Málta.

Maidir le táirgeadh COI, léirigh EASO 23 tuarascáil COI nua sa bhliain 2018 lenar áiríodh treoirbhileog eolais maidir leis an Úcráin laistigh de chreatlach MedCOI, agus 10 dtuarascáil don Choimisiún Eorpach (leithdháileadh teoranta) maidir le coincheap de "thríú tír shábháilte". Mar fhreagra ar iarratas ón gCoimisiún i mí Lúnasa 2018, chuir an ghníomhaireacht faisnéis ar fáil a bhí ábhartha maidir le measúnú ar an gcoincheap "tríú tír shábháilte" le haghaidh tíortha na mBalcán Thiar (seisear acu), Maracó, na Túinéise, na Tuirce agus na hÚcráine.

Rinneadh an comhar le saineolaithe na sochaí sibhialta i réimse COI a neartú ó thús go deireadh na bliana 2018 freisin, le rannpháirtíocht ESSanna i gcruinnithe, ceardlanna agus comhdhálacha a bhaineann le COI. Gníomhaithe na sochaí sibhialta le speisialtóireacht i réimse faisnéise faoin tír thionscnaimh; chuathas i gcomhairle leo maidir le modheolaíochtaí agus tugadh cuireadh dóibh rannchuidiú le léiriú faisnéise faoin tír thionscnaimh do EASO mar dhréachtóirí nó mar athbhreithneoirí. Ina theannta sin, eagraítear seisiúin chomhairliúcháin neamhfhoirmiúla ar bhonn *ad hoc* freisin le gníomhaithe na sochaí sibhialta i réimse COI.

## 4.3.2. Treoir tíre

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **An 1ú nóta treorach agus measúnú comhchoiteann foilsithe faoin Afganastáin (Meitheamh 2018)** |
| **Meastóireacht ar phróiseas treorach na treoirthíre críochnaithe (Samhain 2018)** |
| **5 chruinniú den Líonra Treorach Tíre** |
| **3 chruinniú den Fhoireann Dréachtaithe faoin Afganastáin** |
| **3 chruinniú den Fhoireann Dréachtaithe faoin Nigéir** |
| **1 chruinniú den Fhoireann Dréachtaithe faoin Iaráic** |

I mí an Meitheamh 2018, d'fhoilsigh EASO treoir tíre ón gcéad tír, *Treoir Tíre: an Afganastáin.* Tagann an treoir mar thoradh ar threoirphróiseas a tionscnaíodh ar bhunús chonclúidí ón gComhairle an 21 Aibreán 2016. Agus é mar aidhm aige cóineasú i gcinnteoireacht tearmainn san Aontas a chothú, tá EASO tar éis a bheith ag obair le hoifigigh bheartais shinsearacha ó thíortha AE+, chun measúnuithe comhchoiteanna agus treoir a fhorbairt faoi na príomhthíortha tionscnaimh. Faigheann forbairt na treorach tíre tacaíocht ó fhoirne dréachtaithe de shaineolaithe náisiúnta, agus tugtar san áireamh leo ionchur luachmhar an Choimisiúin Eorpaigh agus UNHCR.

Ba tar éis cur i gcrích rathúil an treoirchleachtaidh maidir leis an Afganastáin a sheol EASO sa bhliain 2018 forbairt na treorach tíre maidir leis an Nigéir agus an Iaráic. Mar thúsphointe le tuiscint a fháil ar na riachtanais atá ann faoi láthair agus ar bheartais agus ar chleachtais náisiúnta, braitheann EASO ar ionchur na dtíortha AE+ le haghaidh suirbhéanna saintiomanta. Seoladh trí shuirbhé den chineál sin sa bhliain 2018, mar ullmhúchán do tháirgeadh COI agus d'fhorbairt treorach tíre maidir leis an Nigéir agus an Iaráic. Fuarthas 22 fhreagra san iomlán ó thíortha AE+ maidir leis an Nigéir, a tiomsaíodh agus a ndearnadh anailís orthu mar ullmhúchán do na téarmaí tagartha maidir le táirgeadh COI. Fuarthas 19 bhfreagra ó na tíortha AE+ mar chuid den suirbhé tosaigh faoin Iaráic, a ndearnadh anailís orthu mar chuid d'ullmhúchán faoi sheoladh an táirgthe COI ábhartha; agus fuarthas 16 fhreagra ó thíortha AE+ ar shuirbhé leantach mar chuid d'ullmhúchán ar shaothar na treorach tíre faoin Iaráic. Tionóladh cruinnithe treorach tíre, comhairliúcháin i scríbhinn agus cruinnithe foirne dréachtaithe sa dara leath den bhliain faoi chuimsiú na bhforbairtí sin.




© IFPRI/Milo Mitchell, Radharc margaidh in Abuja, Nigeria, 22 Meitheamh 2015.




Rinneadh meastóireacht freisin ar an treoirphróiseas maidir leis an Afganastáin trí mheán suirbhéanna, cruinniú de chuid Líonra Treorach Tíre, agus agallamh saindírithe lenar bhain na príomh-gheallsealbhóirí. Comhroinneadh tuarascáil chuimsitheach mheastóireachta leis an Líonra Treorach Tíre i mí na Samhna 2018.

Leanfar ar aghaidh leis an obair ar threoir tíre sa bhliain 2019, le faomhadh agus le foilsiú *Treoir tíre: an Nigéir* (Feabhra 2019) agus le forbairt na treorach tíre maidir leis an Iaráic, agus le nuashonrú na treorach tíre maidir leis an Afganastáin, a bhfuiltear ag dúil léi níos déanaí amach sa bhliain 2019.

### 4.3.3. Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS)

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **2 chruinniú EPS iomlánacha i mí an Mheithimh (an Róimh) agus mí na Nollag (an Bheilg)** |
| **3 ghrúpchruinniú de Ghrúpa Comhairleach do Sholáthar Staidrimh** |
| **51 tuarascáil sheachtainiúil ar staid an tearmainn i dtíortha AE+** |
| **12 thuarascáil mhíosúla ar anailís treochtaí** |
| **7 n-achoimre anailíseacha EASO** |
| **4 thuarascáil mheastóireachta ar chur chun feidhme an rialacháin Bhaile Átha Cliath** |
| **10 dtuarascáil faisnéise tíre** |

I gcomhréir le hAirteagal 9 dá rialachán bunaithe (439/2010), maoirsíonn EASO scéim malartaithe faisnéise le tíortha AE+ ar a dtugtar EPS. Tá an córas deartha chun faisnéis a bhailiú i gcoinne tacar táscairí a dhírítear ar phríomhchéimeanna den CET. Comhroinneann 30 tír AE+ sonraí míosúla le EASO, a chuirtear leis an sásra luathrabhaidh, ullmhachta agus bainistíochta géarchéime dá bhforáiltear in Airteagal 22 de Rialachán Bhaile Átha Cliath III ([5]).

Choinnigh EASO uirthi sa bhliain 2018 ag bailiú agus ag anailísiú sonraí chun cur síos ar nós imeachta, ar ghlacadh, ar Bhaile Átha Cliath, ar chinntiú céadchéime agus ar athlonnú. Seoladh treoirthionscadal freisin chun sonraí a mhalartú ar áisc an dara céim agus níos airde sa bhliain 2018, a raibh réamhanailís mar thoradh air a léiríodh agus a cuireadh faoi bhráid Líonra EPS i mí na Nollag 2018.

Lean EASO ar aghaidh ag cur béime ina hiarrachtaí sa bhliain 2018 chun punann anailíseach a sholáthar don chinnteoireacht i seirbhísí tearmainn na mBallstát agus do lucht ceaptha beartais sa Bhruiséil. Chun na críche sin, lean EASO ar aghaidh ag léiriú tuarascálacha anailíseacha ar bhonn seachtainiúil agus míosúil chun cur síos a dhéanamh ar an staid tearmainn (Airteagal 9) nó ar chur chun feidhme CET (Airteagal 11.2a). Léirigh EASO 51 tuarascáil sheachtainiúla sa bhliain 2018 le faisnéis nuashonraithe faoi staid an tearmainn san AE+, a forbraíodh mar chuid de shásraí bainistíochta géarchéime ar fud an Aontais. Leanadh ar aghaidh ag comhroinnt na dtuarascálacha sin le tíortha AE+ i bhformáid shrianta, in éineacht leis an bhfreagairt ghéarchéime pholaitiúil chomhtháite den Choimisiún mar ionchur leis an bhfeasacht staide agus tuarascálacha anailíse comhtháite. Foilsíodh dhá thuarascáil déag anailíse treochta, mar aon le hamharcléirithe do shonraí idirghníomhacha ar an limistéar srianta de shuíomh gréasáin EASO, in éineacht le seacht n-achoimre anailíseacha ó EASO, a scaipeadh ag cruinnithe na Comhairle ceartais agus gnóthaí baile (CGB). Cuirtear síos na táirgí straitéiseacha ardleibhéil sin ar an staid tearmainn i dteanga shothuigthe neamhtheicniúil le háiseanna amhairc.




([5]) Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú), IO L 180, 29.06.2013, lch. 31.

Forbraíodh go mór an anailís oibríochtúil sa bhliain 2018, lenar áiríodh sraith deaiseanna do bhaill foirne EASO chun cuspóirí faireacháin, lena n-áirítear ina hoifigí réigiúnacha. Tharla roinnt cruinnithe freisin i gcomhthéacs an fhaireacháin agus na meastóireachta oibriúchtúla. Is ionann na deaiseanna agus táirgí leictreonacha, a úsáidtear chun tacú leis an bhfaireachán. Áiríodh le táirgí eile anailís oibríochtúil dhémhíosúil don Ghréig, agus láithreoireachtaí sleamhnán a léirítear gach coicís i gcás bileog eolais désheachtainiúil.

Cuireann tíortha AE+ sonraí oibríochtúla míosúla ar fáil go saorálach do EASO. Cé go gcoinníonn tíortha úinéireacht ar an bhfaisnéis arna soláthar ar leibhéal tíre, thoiligh na tíortha rannpháirteacha uile sa líonra go scaipfeadh EASO na figiúirí comhiomlánaithe ar leibhéal AE+ d'fhonn forléargas a thabhairt don phobal i gcoitinne ar roinnt eochairtháscairí. Áirítear leo sin roinnt iarratas ar thearmann, príomhthíortha tionscnaimh na n-iarratasóirí, líon agus toradh na scrúduithe ar iarratais ar thearmann ag an gcéad chéim, agus stoc na gcásanna ar feitheamh atá ag fanacht ar chinneadh céadchéime.

Áiríodh le léiriúcháin ábhartha eile ceithre thuarascáil ábhartha maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme, agus ceithre thuarascáil ar ghlacadh, a dréachtaíodh i ndlúthchomhar le Líonraí Bhaile Átha Cliath agus Glactha. Foilsíodh anailís ar ghluaiseachtaí tánaisteacha freisin agus cuireadh í faoi bhráid Bhord Bainistíochta EASO agus faoi bhráid an Choiste Straitéisigh um Inimirce, um Theorainneacha agus um Thearmann.

Foilsíodh 10 dtuarascáil faisnéise tíre sa bhliain 2018 amháin, eadhon: An Iaráin, an Tuirc, an Nígir, an tSeoirsia, Veiniséala, an Nigéir, an Afganastáin, an Rúis, Maenmar/Burma agus an Phacastáin.

### 4.3.4. Córas Faisnéise agus Cáipéisíochta (IDS)

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **1 436 úsáideoir IDS** |
| **57 504 amharc thar na hardáin IDS** |

Tá sé mar aidhm ag IDS EASO foinse lárnach faisnéise a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme CET i dtíortha AE+. Is bunachar faisnéise inchuardaithe é ina dtugtar forléargas cuimsitheach ar gach ceann de na príomhchéimeanna den phróiseas tearmainn agus ar fheidhmiú praiticiúil chórais tearmainn gach tíre AE+, chomh mionsonraithe agus chomh nuashonraithe agus is féidir.

Macasamhlaítear sa chóras na sraitheanna den CET lena gcuimsítear faisnéis maidir le: rochtain ar nósanna imeachta, nós imeachta Bhaile Átha Cliath, cinntiú céadchéime, cinntiú dara céime, glacadh, coinneáil, cineálacha cosanta, aisfhilleadh, athlonnú agus scéimeanna iontrála daonnúla. Is féidir teacht ar fhaisnéis faoi phríomhghnéithe an CET ar leibhéal na tíre nó ar leibhéal AE, ina dtugtar leis na táblaí tuairiscithe agus forléargais théamacha comparáid idir cleachtais. Tá 30 tír AE+ mar chuid de líonra IDS faoi láthair. Níl bhíonn rochtain ar an bhfaisnéis go léir a chuirtear ar fáil ar an ardán ach amháin ag riaracháin náisiúnta, baill foirne EASO agus ag ASTanna arna n-imscaradh ag EASO ina gníomhaíochtaí oibríochtúla.

Gníomhaíonn EASO mar lárphointe bainistíochta don chóras, chun an t-ábhar a uaslódáladh ar an ardán a chomhordú, taighde a dhéanamh air agus é a nuashonrú i bhfíor-am. Rannchuidíonn Grúpa Comhairleach IDS de chuid ionadaithe na dtíortha AE+ le forbairt an bhunachair shonraí. Is iad comhaltaí an líonra a bhailíochtaíonn an fhaisnéis uaslódáilte go rialta agus go tapa, lena ndeimhnítear go léirítear go cruinn leis na forléargais a chuirtear ar fáil ar ardán IDS feidhmiú gach córais tearmainn náisiúnta i ngach príomhchéim de.


Comhlánaítear tuairiscí cruinne faoi chleachtais tearmainn sna 30 tír AE+ maidir le IDS leis an bhfaisnéis ábhartha maidir leis an reachtaíocht, na sonraí agus an dlí-eolaíocht. Amharcléirithe staidrimh atá bunaithe ar shonraí Eurostat; cuireann siad figiúirí nithiúla leis na córais tearmainn i ngach tír, lena soláthraítear, mar shampla, léargais ar ualaí oibre ar an leibhéal náisiúnta. Áirítear le gach faisnéis faoin gCóras Faisnéise agus Cáipéisíochta tagairtí cuimsitheacha caighdeánaithe do na hábhair fhoinse a d'fheidhmigh mar leabharlann do gach cáipéisíocht ábhartha, lena gcumasaítear cuardach agus aisghabháil thapa. Tá méadú nach beag tagtha ar líon na n-úsáideoirí IDS agus tá sé tar éis éirí níos mó mar an tagairt agus an túsphointe do bhaill foirne EASO agus d'údaráis náisiúnta maidir le ceisteanna a bhaineann leis an gcreat reachtach agus le feidhmiú praiticiúil an CET ar leibhéal AE agus ar leibhéal AE+. Forbraíodh IDS maidir le Cásdlí sa bhliain 2018, leis an aidhm ardán leictreonach a chruthú a bheidh ar fáil go leictreonach chun cásdlí i ndáil leis an CET a chlárú. Cumhdaítear leis an IDS maidir le Cásdlí forbairtí dlí-eolaíochtaí ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR)) maille leis an leibhéal náisiúnta (tíortha AE+). Táthar tar éis 300 cás a fhoilsiú amhail tráth scríofa.

Choinnigh EASO uirthi sa bhliain ag forbairt a **ardán oibríochtaí**. Forordaítear ardáin IDS sna pleananna oibriúcháin don Iodáil, don Ghréig agus don Chipir mar uirlis chun faisnéis phraiticiúil a sholáthar do ASTanna imscartha. Forbraíodh ardán nua IDS freisin do ghníomhaíochtaí gné seachtraí (lena ndírítear ar thíortha na mBalcán Thiar). Cuirtear an struchtúr ar fáil d'earnáil ghné sheachtrach EASO, a leathnófar ar na Ballstát sa Líonra Gné Seachtraí. Cruthaíodh ardán saintiomanta le haghaidh fiosruithe oibríochtúla COI.

## 4.3.5. Tuilleadh forbartha ar Chóras Faisnéise Tearmainn lárnach

Beidh lárú córas faisnéise tearmainn ríthábhachtach chun léargas iomlánaíoch ar staid an tearmainn san Aontas a sholáthar. Lean EASO ar aghaidh leis an obair sa bhliain 2018 chun a cuid córas faisnéise tearmainn a fhorbairt a thuilleadh agus a chomhtháthú, lena n-áirítear maidir le COI (Tairseach COI), an IDS agus an Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta. Ar bhunús an aiseolais a fuarthas ó úsáideoirí agus geallsealbhóirí, leanadh ar aghaidh ag sainaithint roinnt feidhmiúlachtaí agus feabhsúchán breise sa bhliain 2018 mar chuid den ghníomhaíocht sin.

Tíortha rannpháirteacha IDS





Gné lárnach de chomhdhlúthú an ardáin chomhair is ea leathnú ar fheidhmiúlachtaí na **Tairsí COI**. Tháinig iarrachtaí chun cinn sa bhliain 2018 maidir le comhdhlúthú an ardáin do speisialtóirí COI, lena dháta seolta beartaithe don bhliain 2019. Nascadh cúig stát AE+ leis an ardán sa bhliain 2018. Macasamhlaítear inneachar nuachta ar COI ar shuíomh gréasáin EASO agus ar Thairseach COI EASO. Bíonn nuashonruithe míosúla ar threochtaí an tearmainn ar fáil don phobal ar láithrean gréasáin EASO freisin, lena n-áirítear amharcléirithe dinimiciúla ina bhfaightear léarscáileanna agus cairteacha. Eisítear preaseisiúintí go poiblí ar bhonn míosúil chun úsáid na huirlise a chur chun cinn.

Choinnigh EASO uirthi ag forbairt a **IDS** sa bhliain 2018 freisin, ag uasghrádú an chórais go dtí an leagan is déanaí agus ag tabhairt isteach feabhsuithe ar a chomhéadan agus a fheidhmiúlachtaí Cuireadh gnéithe nua leis chun léargas comhdhlúite a sholáthar ar fheidhmiú CET agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais faisnéise na dtíortha AE+.

Ina theannta sin, is leis an IDS a riartar **córas na bhfiosruithe**, lena mbítear ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha a bhíonn ag riaracháin náisiúnta tearmainn agus ar EASO laistigh de spriocdháta gearr, ag feabhsú na faisnéise bonnlíne a chuirtear ar fáil laistigh de na hachoimrí tíre ar IDS. Próiseáladh breis agus 40 fiosrúchán i réimsí téamacha éagsúla sa bhliain 2018, ar bhain 29 ceann acu le fiosruithe i ndáil le beartais.

Lean EASO uirthi ag forbairt ardáin láraithe freisin do bhainistiú fiosruithe EASO ar feadh na bliana 2018, lenar féidir uathoibriú agus gairmiúlú an phróisis a dhéanamh go hiomlán, agus an mhodheolaíocht bhunúsach agus an sreabhadh oibre nóis imeachta á gcoimeád ag an am céanna. Bhí EASO ar thús cadhnaíochta freisin maidir le comhar a chothú i measc na gcóras cuardaigh atá ann cheana féin arb ábhartha don imirce agus don tearmann iad laistigh de Chnuasach na gCóras Cuardaigh, mar a thugtar air, agus é mar aidhm leo dúbláil iarrachta a sheachaint. Is ionann an cnuasach sin agus comhpháirtithe ó Ghréasán Imirce na hEorpa (EMN), Comhdháil Ard-Stiúrthóirí na Seirbhísí Inimirce agus na Comhairliúcháin Idir-rialtasach maidir le hImirce, Tearmann agus Dídeanaithe.




Choinnigh EASO uirthi sa bhliain 2018 ag forbairt an **limistéir anailísigh ar shuíomh gréasáin EASO** leis an gcuspóir stór aonair de tháirgí anailíseacha a chur ar fáil ag féachaint le míniú a thabhairt ar an staid tearmainn (má bhíonn na hiarratasóirí ag iarraidh a n-iarratais a thaisceadh nó a tharraingt siar) nó cur chun feidhme

an CET (cinnteoireacht ó na Ballstáit). Bíonn sonraí arna gcomhroinnt ag na Ballstáit faoin EPS mar bhonn taca faoin gcuid is mó de na hanailísí. Bíonn an rochtain srianta do líon teoranta geallsealbhóirí, údaráis tearmainn na mBallstát den chuid is mó, móide foireann anailíseach in Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile an Choimisiúin Eorpaigh agus i ngníomhaireachtaí CGB is comhpháirtithe. Áirítear leis an ábhar is mó a úsáidtear PDFanna de na treochtaí is déanaí agus léarscáileanna idirghníomhacha ina bhfaightear faisnéis sheachtainiúil agus mhíosúil.

### 4.3.6. Taighde ar luathrabhadh agus tuiscint ar bhunchúiseanna

Ina theachtaireacht maidir le clár Eorpach don imirce, leag an Coimisiún Eorpach béim ar an riachtanas *"identifying risk trends [....] for effective operational preparedness." ("treochtaí sna rioscaí a shainaithint [....] ar mhaithe le hullmhacht oibríochtúil éifeachtach.")* Chun na críche sin, tugadh faoi deara inti *"the relevant agencies should develop an effective situational picture to feed into policy-making and response preparation at national and European levels." ("ba cheart do na gníomhaireachtaí ábhartha léargas éifeachtach a fhorbairt ar an staid chun cur leis an gceapadh beartais agus leis an ullmhacht freagartha ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach").* Léirítear an glao sin freisin i dtogra an Choimisiúin Eorpaigh do rialachán lena mbunaítea an EUAA.

Mar chuid dá hobair ar luathrabhadh agus ullmhacht, leanfaidh EASO ar aghaidh lena treoirthionscadal maidir le leas a bhaint as **olltiomsú sonraí chun tuiscint a fháil agus réamhthuar a dhéanamh ar an imirce a thiocfaidh ón tearmann**, agus é mar aidhm fhoriomlán aici samhail imirce atá bailíochtaithe ag fianaise eimpíreach a chruthú le haghaidh gnáthchineálacha sreafa. I gcomhthéacs an luathrabhaidh, cuireann EASO modhanna measctha i bhfeidhm ina meastóireacht ar phobail leochaileacha sula dtiocfaidh siad isteach san Aontas Eorpach. Cuireann an taighde le comhar le gníomhaithe eile, agus saothraíonn a saineolas-san, amhail an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, an Lárionad Eolais maidir le hImirce agus Déimeagrafaíocht, Frontex, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Thaighde agus Nuálaíocht, Eurostat, EII, UNHCR, údaráis tearmainn na mBallstát agus roinnt ollscoileanna.

I gcomhthéacs chóras luathrabhaidh EASO, ciallaíonn luath chomh luath agus is féidir. Is furasta géarchéim a réamhthuar ach a mbíonn sí tar éis tosú, ach is é an dúshlán is mó teacht isteach an daonra thíos léi a réamhthuar sula dtagann siad isteach san Aontas. Chuige sin, is le tionscadal olltiomsaithe sonraí EASO a bhaintear imeachtaí den Global Database of Events, Language, and Tone (Bunachar Sonraí Domhanda Imeachtaí, Teanga, agus Tuine) d'fhonn Innéacs Tosca Brú EASO a chruthú, lena soláthraítear luathrabhadh ar iarratais ar thearmann a chuirtear isteach san Aontas Eorpach.

Cuireann an obair le holltiomsú sonraí go leor luacha leis, ach sainaithnítear go forleathan go gcaithfear an cur chuige sin a chomhlánú le teistiméireachtaí arna soláthar ag na hiarratasóirí féin. B'amhlaidh dá réir ar glacadh le cás gnó le haghaidh plean treoirthionscadail do shuirbhéireacht ar iarrthóirí tearmainn sa bhliain 2018. Pléadh an plean tionscadail ag cruinniú den Ghrúpa Comhairleach i mí Mheán Fómhair na bliana 2018, inar tugadh le chéile Ballstáit le leas sainráite chun feidhmiú mar óstach ar an treoirghníomhaíocht.

Tacaíonn gníomhaíochtaí an chláir thaighde leis an malartú faisnéise agus an anailís a dhéantar faoin EPS, agus cuirfidh siad leis na sonraí a tháirgtear laistigh den EPS chun tuiscint níos fearr a fháil chomh maith le réamhaisnéisí oibríochtúla agus straitéiseacha a léiriú. Is amhlaidh ar a sheal féin a chuirfidh na léargais a fhaightear ón taighde le caighdeán táirgí anailíseacha an EPS.

### 4.3.7. Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach

| **Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018** |
|---|
| **Foilsiú *Tuarascáil Bhliantúil EASO ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach* 2017** |
| **Imeacht seolta poiblí eagraithe sa Bhruiséil** |

Ghlac Bord Bainistíochta EASO *Tuarascáil bhliantúil EASO maidir le staid an tearmainn san Aontas Eorpach 2017* i mí an Mheithimh 2018. Tugtar forbhreathnú cuimsitheach sa tuarascáil ar fhorbairtí ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal na gcóras tearmainn náisiúnta. Tá an Tuarascáil bunaithe ar raon leathan foinsí éagsúla,



iniúchtar inti na príomhthreochtaí staitistiúla agus déantar anailís inti ar athruithe i dtíortha AE+ maidir lena reachtaíocht, lena mbeartais agus lena gcleachtais, chomh maith leis an gcásdlí náisiúnta. Cé go ndírítear sa tuarascáil ar phríomhghnéithe den CET, déantar cuid mhór tagairtí riachtanacha inti don mhór-chomhthéacs imirce agus ceart bunúsach freisin.

Bhíothas ag iarraidh go sonrach ar an tsochaí shibhialta rannchuidiú leis an tuarascáil bhliantúil, ónar tháinig rannchuidiú ó 27 eagraíocht — beagán os cionn an lín a fuarthas an bhliain roimhe sin. Feabhsaíodh a thuilleadh an tuarascáil bhliantúil le rannchuidiú ón UNHCR, ón lucht acadúil agus ó mheithleacha machnaimh.

Ba sa Bhruiséil an 18 Meitheamh 2018 a d'eagraigh EASO an t-imeacht seolta oifigiúil do *Thuarascáil bhliantúil EASO ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach 2017*. Rinneadh an t-imeacht a bheoshruthú ar líne, agus áiríodh leis comhphlé ina dhiaidh ar dhearcthaí náisiúnta i leith bainistiú na bpróiseas tearmainn. Is féidir an tuarascáil a cheadú ar líne ag https://easo.europa.eu/easo-annual-report-2018, lena n-áirítear achoimre feidhmiúcháin de na príomhthorthaí ar fáil in 24 theanga Eorpach.

## 4.4. Tacaíocht tearmainn

### 4.4.1. Oiliúint

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **Comhdhlúthú leanúnach ar churaclam oiliúna EASO:**<br>**— 6 mhodúl tionscnaithe d'fhorbairt, uasghrádú nó nuashonrú;**<br>**— 7 modúl curtha i gcrích.** |
| **2 chruinniú den Díorma um Dheimhniú agus um Chreidiúnú (CAWG)** |
| **457 seisiún oiliúna náisiúnta riartha ag EASO**<br>**524 dhuine a ghlac páirt i seisiúin oiliúna don oiliúnóir**<br>**7 104 dhuine rannpháirteach i seisiúin oiliúna náisiúnta** |
| **29 aistriúchán teangacha ar na modúil** |
| **5 sheisiún oiliúna do bhaill foirne EASO seachadta (151 bhall foirne EASO curtha faoi oiliúint)** |

De réir Airteagal 6 den Rialachán lena mbunaítear an Ghníomhaireacht, tabharfaidh EASO tacaíocht do riaracháin náisiúnta na mBallstát agus do sheirbhísí náisiúnta le freagracht as gnóthaí tearmainn trí oiliúint a bhunú agus a sholáthar. Chuige sin, is amhlaidh ó bunaíodh í thiar sa bhliain 2010 a choinnigh an ghníomhaireacht uirthi ag soláthar comhoiliúna d'ardchaighdeán maidir le tearmann agus imirce ar fud an Aontais. Déantar gníomhaíochtaí oiliúna EASO faoi chuimsiú chlár oibre na gníomhaireachta agus a straitéise oiliúna, a forbraíodh thiar sa bhliain 2012. Is é **Curaclam Oiliúna EASO** croí-uirlis oiliúna na gníomhaireachta, ar comhchóras gairmoiliúna é atá deartha den chuid is mó do chásoifigigh agus d'oifigigh thearmainn eile ar fud an Aontais. Cumhdaítear leis an gcuraclam croíghnéithe den nós imeachta tearmainn trí mheán roinnt modúl idirghníomhach. Is le modheolaíocht foghlama chumaiscthe, meascán den fhormáid ríomhfhoghlama ar líne agus seisiúin idirphearsanta, a cheadaítear do chur chuige idir theoiriciúil agus phraiticiúil don oiliúint.

Choinnigh EASO uirthi sa bhliain 2018 ag forbairt a curaclaim oiliúna ach ábhar reatha a nuashonrú chun freagairt d'fhorbairtí nua agus d'athruithe i réimse tearmainn an Aontais. Leanadh ar aghaidh ar an gcaoi sin ag nuashonrú agus ag uasghrádú na modúl laistigh den churaclam oiliúna sa bhliain 2018, á áirithiú ag an am céanna go ndéanfaí cuíchóiriú ar na saincheisteanna a bhaineann le grúpaí leochaileacha agus cosaint leanaí ar fud a hábhair oiliúna.

Chothaigh EASO dlúthchomhairliúcháin le tíortha AE+ d'fhonn faireachán agus anailís a dhéanamh ar a riachtanais oiliúna agus ar a bpleananna oiliúna. Chinntigh an ghníomhaireacht oiliúint dá baill foirne féin freisin maidir leis an gcosaint idirnáisiúnta agus cúrsaí gaolmhara.

Rinneadh seacht modúl a athbhreithniú agus a chur i gcrích mar chuid den phróiseas comhdhlúthaithe — eadhon, na modúil maidir le teicnící agallóireachta, daoine leochaileacha a chur faoi agallamh, leanaí a chur faoi agallamh, CET, deireadh le cosaint, ateangairí agus athlonnú. Cuireadh an dá mhodúl dheireanacha ar siúl mar threoirthionscadail. I dtéarmaí a saothair leanúnaigh, bhí an ghníomhaireacht páirteach le forbairt modúl nua faoi ghlacadh daoine leochaileacha agus MedCOI, agus faoi uasghrádú agus nuashonrú na modúl do bhainisteoirí, COI, measúnú fianaise agus eisiamh.

Ba le saothar an CAWG, ag a raibh a gcéad chruinniú faoina dtéarmaí tagartha nua an 19 agus 20 Iúil 2018, lean EASO ar aghaidh ag forbairt creat cáilíochtaí earnálacha Eorpach. Eagraíodh dhá chruinniú den CWWG sa bhliain 2018, cruinnithe a bhí dírithe go príomha ar fhorbairt caighdeán ceirde d'oifigigh thearmainn agus ar inmharthanacht agus struchtúr féideartha de chlár soghluaisteachta. D'aontaigh comhaltaí CAWG díriú ar fhorbairt a dhéanamh ar an gCóras Rialachais Oiliúna sula ndéantar clár soghluaisteachta a eagrú.

Lean EASO ar aghaidh sa bhliain 2018 ag cur na seisiún oiliúna don oiliúnóir ar fáil. Cuireadh 34 sheisiún trí chéile ar fáil agus cuireadh oiliúint ar 524 oiliúnóir ([6]), lena n-áirítear seacht seisiún réigiúnacha oiliúna d'oiliúnóirí a d'eagraigh EASO sa Ghréig (trí cinn), i Vín (dhá cheann), sa Róimh (ceann amháin) agus i dTaillinn (ceann amháin), agus sé sheisiún réigiúnacha a chuireann an Ghearmáin ar fáil sna modúil lena gcumhdaítear measúnú fianaise, inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh, agus teicnící agallóireachta.

D'fheabhsaigh EASO a eispéireas ríomhfhoghlama a thuilleadh freisin ach forbairtí nua TF agus modheolaíochtaí foghlama breisithe a thabhairt san áireamh. Cruthaíodh spás saintiomanta ar an ardán ríomhfhoghlama le haghaidh PTNanna a bhfuil feidhmiúlachtaí breise acu le haghaidh comhair, amhail comhroinnt doiciméad agus fóram agus comhrá ar líne, mar aon le hardán ríomhfhoghlama d'oiliúnóirí sa teagasc.

Ghlac oifigigh EASO páirt freisin i ngníomhaíochtaí oiliúna comhpháirteacha arna n-eagrú ag Frontex agus cúrsaí oiliúna arna n-eagrú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL). Ghlac Aonad Oiliúna EASO, i gcomhar le UNHCR, rannpháirt i mí Dheireadh Fómhair 2018 i bhFóram Comhairliúcháin Frontex i gcás ina ndearnadh plé ar chuíchóiriú le hábhar na gceart bunúsach in ábhar oiliúna Frontex.

### 4.4.2.Próisis tearmainn

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
| --- |
| **1 Uirlis Dearbhaithe Cáilíochta foilsithe** |
| **1 Treoir phraiticiúil EASO foilsithe chun cáiliú i gcomhair cosanta idirnáisiúnta** |
| **3 thuarascáil théamacha eisithe le haghaidh comhairliúcháin** |
| **1 chruinniú bliantúil de Líonra Próiseas Tearmainn EASO** |
| **1 chruinniú téamach ag an Líonra Próiseas Tearmainn EASO ar ábhar na cosanta — comhtháthú** |
| **1 chruinniú téamach de Líonra Próiseas Tearmainn EASO maidir le sainaithint** |

I gcomhréir lena chuspóir foriomlán chun tacú leis na Ballstáit ó thaobh comhchaighdeáin agus próisis ardchaighdeáin a bhaint amach laistigh de CET, lean EASO ar aghaidh le tacaíocht éifeachtach a thabhairt don ghníomhaireacht agus d'fheabhas a chur le comhar praiticiúil idir an ghníomhaireacht agus na Ballstáit i ngach gníomhaíocht is ábhartha maidir leis an saothar sa phróiseas tearmainn, lena n-áirítear trí shaothar Líonra Próiseas Tearmainn de chuid EASO.

Chuige sin, baineann EASO úsáid as uirlisí praiticiúla leis an aidhm tacú le saothar laethúil na n-oifigeach tearmainn agus imirce ach treoir chomhchoiteann a chur ar fáil maidir le comhchaighdeáin a ghnóthú trí fhormáidí éagsúla so-úsáidte. Tugadh spreagadh do ghníomhaíochtaí comhair phraiticiúil sa bhliain le heagrú roinnt cruinnithe téamacha. Reáchtáladh cruinniú comhair phraiticiúil maidir le sainaithint iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta in Nürnberg na Gearmáine an 23 -25 Bealtaine 2018. Ba í Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Imirce agus Dídeanaithe a d'fheidhmigh mar óstach don chruinniú, le hionadaithe ann ó 17 dtír AE+, ón UNHCR, ó FRA agus ó Frontex. Bhreithnigh rannpháirtithe na treochtaí is déanaí maidir le sainaithint iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta agus an tionchar atá ag uirlisí sonracha sainaitheantais ar an bpróiseas scrúdúcháin. Agus í ag cur le toradh an chruinnithe sin, lean EASO ar aghaidh ag fiosrúchán bealaí breise chun tacú le próisis chlárúcháin agus sainaitheantais d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta laistigh den Aontas Eorpach.

Choinnigh an ghníomhaireacht uirthi ag forbairt uirlisí agus treorach comhchoiteanna praiticiúla a bhí beartaithe chun tacú le saothar laethúil an lucht ceaptha beartas, na gcásoifigieach agus spriocghrúpaí ábhartha eile sa bhliain 2018. Chun na críche sin, soláthraíonn gníomhaíochtaí maitríse cáilíochta EASO, a seoladh sa bhliain 2012, léarscáiliú cuimsitheach ar na cleachtais i stáit AE+ agus an creat dlíthiúil comhchoiteann á chur chun feidhme, agus leas a bhaint as samplaí dea-chleachtas, uirlisí cáilíochta, sásraí agus tionscnaimh thionscadail ábhartha. Cuirfidh an léarscáiliú sin ar chleachtais agus beartais na mBallstát freisin le bailiú faisnéise maidir le cur chun feidhme CET.

I gcomhthéacs an phróisis mhaitríse cáilíochta, reáchtáil EASO cruinniú téamach maidir le hinneachar na cosanta an 27--28 Meán Fómhair i Málta. Laistigh d'inneachar na cosanta, bhí an cruinniú dírithe ar imeascadh

([6]) Cumhdaíodh na modúil seo a leanas: teicnící agallóireachta, eisiamh, glacadh, ionchuimsiú, ardchuimsiú, daoine leochaileacha a chur faoi agallamh, leanaí a chur faoi agallamh, measúnú fianaise, cearta bunúsacha agus cosaint idirnáisiúnta san Aontas Eorpach, ateangairí, rialachán Bhaile Átha Cliath III, modúl maidir le bainisteoirí, inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh, deireadh na cosanta, COI, CET, gáinneáil ar dhaoine agus athlonnú.

na dtairbhithe den chosaint idirnáisiúnta. Rinne na rannpháirtithe iniúchadh go sonrach ar an nasc idir na nósanna imeachta tearmainn agus córais ghlactha ar thaobh amháin agus bearta imeasctha ar an taobh eile.

D'fhoilsigh EASO **Uirlis Dearbhaithe Cáilíochta ar scrúdú an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta** i mí Aibreáin 2018. Is é cuspóir na huirlise seo creat comhchoiteann a chur ar fáil do stáit AE+ maidir le measúnú agus dearbhú cáilíochta inmheánach, amhail maidir le measúnú feidhmíochta, athbhreithniú cáilíochta tréimhsiúil agus iniúchtaí téamacha. Is uirlis ar líne í ar féidir teacht uirthi ar shuíomh gréasáin EASO. Foilsíodh **treoir phraiticiúil EASO maidir le cáiliú do chosaint idirnáisiúnta** i mí Aibreáin 2018, mar chuid de shraith treoracha praiticiúla EASO. Soláthraítear treoir phraiticiúil leis do chásoifigigh maidir le hionchuimsiú agus faightear inti crann cinnteoireachta i bhformáid phóstaeir. Is féidir treoracha agus uirlisí praiticiúla EASO a cheadú ar líne ag https://www.easo.europa.eu/practical-tools

Bhí na hullmhúcháin ar siúl freisin chun treoir phraiticiúil a fhorbairt maidir leis na caighdeáin oibríochtúla agus maidir leis na táscairí don nós imeachta tearmainn, mar aon le treoir ar bhallraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe. In éineacht leis an Líonra Próiseas Tearmainn, chuathas i mbun comhairliúchán le grúpa tagartha sa chéim dréachtaithe ina bhfuarthas ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó UNHCR, ón gComhairle Eorpach um Dhídeanaithe agus Dheoraithe agus ó Líonra Odysseus. Foilseofar an dá threoir phraiticiúla sa bhliain 2019.

Le cois na dtreoracha praiticiúla, cuireadh trí thuarascáil théamacha i gcrích sa bhliain 2018 maidir le bainistiú cáilíochta, maidir le hinneachar na cosanta agus maidir le cosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar.

Rinneadh meastóireacht ar an méid úsáide a bhaintear as treoracha agus uirlisí praiticiúla sa bhliain 2018 trí bhíthin sraith suirbhéanna agus cás-staidéar lena mbaineann Ballstáit. Rannchuidigh toradh na meastóireachta le tacar moltaí ar pléadh iad ag an gcruinniú den Líonra Próiseas Tearmainn i mí na Samhna 2018. Chuirfeadh an cleachtadh sin le plean gníomhaíochta lena mbeartaítear feabhas a chur le hábharthacht, le formáid agus le scaipeadh uirlisí praiticiúla EASO.

Bhí an cruinniú bliantúil den Líonra Próiseas Tearmann, a reáchtáladh i mí na Samhna 2018, saintiomanta do mheastóireacht uirlisí praiticiúla, d'fhorbairt leagain leictreonaigh den Uirlis um Dhearbhú Cáilíochta, fócas téamach ar iarratais ina dhiaidh sin agus iniúchadh ar thosaíochtaí an líonra don bhliain amach romhainn.

### 4.4.3. Glacadh

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **1 chruinniú de Líonra EASO na nÚdarás Glactha** |
| **1 chruinniú iomlánach den Líonra Glactha** |
| **2 cheardlann théamacha** |
| **3 thuarascáil thréimhsiúla don bhliain 2018 comhroinnte leis an líonra** |
| **2 threoir phraiticiúla EASO foilsithe mar chuid dá sraith Treoracha Praiticiúla:**<br>— ***EASO guidance on contingency planning in the context of reception (Treoir EASO maidir leis an bpleanáil theagmhasach i gcomhthéacs glactha*) (Márta 2018);**<br>— ***EASO guidance on reception conditions for unaccompanied children: operational standards and indicators (Treoir EASO maidir le dálaí glactha do leanaí neamhthionlactha: caighdeáin agus táscairí* (Nollaig 2018).** |

I ndlúthchomhar le hArdán Eorpach na nGníomhaireachtaí um Ghlacadh (EPRA), bhrúigh EASO ar aghaidh saothar Líonra na nÚdarás Glactha sa bhliain 2018 i gcomhréir leis an gclár Eorpach maidir leis an imrice. Is leis an líonra saintiomanta sin a chothóidh EASO an malartú faisnéise agus dea-chleachtas maidir le córais ghlactha, a chomhthiomsóidh sí an saineolas, a fhorbróidh sí uirlisí sonracha agus treoir shonrach, lena n-áirítear bailiú sonraí feabhsaithe i réimse an ghlactha, ag gníomhú di faoi chuimsiú chreat an CET.

Agus a raibh bainte amach aici sa bhliain 2017 á mheas, agus a chlár oibre don bhliain 2018 á leagan amach aici, bhuail Líonra EASO na nÚdarás Glactha le chéile i Málta an 6 -7 Márta 2018 chun plé a dhéanamh, i measc ábhar eile, ar na roghanna modheolaíochta éagsúla don chéad treoirchlár malartaithe le hEPRA maidir le *"Prevention measures and sanction regimes in reception centres — Reduction and withdrawal of material reception conditions in practice" ("Bearta um Chosc agus córais smachtbhannaí i lárionaid ghlactha — dálaí glactha nithiúla a laghdú agus a tharraingt siar i gcleachtas").* Tháinig ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach, ó UNHCR agus ó EPRA in éineacht le ceithre PTN agus saineolaí is fiche ó fud 21 Bhallstát chun na forbairtí is déanaí a phlé ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach ó thaobh dálaí glactha a sholáthar d'iarrthóirí tearmainn.

Eagraíodh dhá cheardlann théamacha ar leithligh um chosc agus smachtbhannaí (Vársá) agus um bainistiú cáilíochta na ndálaí glactha (Baile Átha Cliath) sa bhliain 2018, mar aon le ceithre chruinniú de chuid an ghrúpa oibre maidir le forbairt uirlisí agus treorach praiticiúla. Gabhadh toradh an dá cheardlann théamacha sna tuairiscí léarscáilithe a comhroinneadh go heisiach leis an Líonra Glactha. Eagraíodh cuairteanna cláir mhalartaithe freisin chun na Seicia, na Beilge, na Sualainne agus na hIorua. Ina theannta sin, comhroinneadh trí nuashonrú tréimhsiúla leis an líonra sa bhliain 2018.

Tionóladh cruinniú iomlánach den Líonra Glactha sa Bhruiséil i mí na Nollag 2018, comhdhéanta de 30 rannpháirtí, lenar áiríodh ionadaithe ó thíortha ar fud na 19 dtír AE+, ón tSeirbia, ón gCoimisiún Eorpach agus ó UNHCR. Áiríodh le clár an chruinnithe iomlánaigh athbhreithniú ar éachtaí na bliana 2018; faisnéis faoi fhorás sa saothar maidir le huirlis phraiticiúil i ndáil le bainistiú cáilíochta na ndálaí glactha, le cur i gcrích sa bhliain 2019; idirphlé maidir leis na téamaí ar a dtabharfar aghaidh laistigh de chlár oibre an líonra don bhliain 2019 lena n-áirítear soláthar lárionad faisnéise agus teachta. Eagraíodh an cruinniú iomlánach chun filleadh ar ais le comhdháil dheiridh EPRA. Glacfaidh EASO a ghníomhaíochtaí chuici féin, óir go bhfuil an tionscadal arna mhaoiniú ag an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht curtha i gcrích.

D'fhoilsigh EASO freisin *EASO guidance on contingency planning in the context of reception (Treoir EASO maidir leis an bpleanáil theagmhasach i gcomhthéacs an ghlactha)* i mí an Mhárta 2018. Dírítear sa treoir sin ar na príomhghnéithe den phleanáil theagmhasach maidir le glacadh, trí chur chuige comhtháite, go háirithe maidir le faireachán agus meastóireacht, anailís riosca, bainistiú, agus an próiseas cinnteoireachta. D'eisigh EASO i mí na Nollag 2018 *EASO guidance on reception conditions for unaccompanied children: operational standards and indicators (Treoir EASO maidir le dálaí glactha do leanaí neamhthionlactha: caighdeáin oibríochtúla agus táscairí)* mar chuid dá sraith de Threoracha praiticiúla. I gcomhréir leis an treoir maidir le dálaí glactha, is ionann raon feidhme an doiciméid agus treoir a sholáthar maidir le dálaí glactha do leanaí neamhthionlactha a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus/nó atá ag fanacht sna saoráidí glactha.

Bhí foireannn ghlactha EASO gníomhach freisin ag tacú le hoibríochtaí agus le gníomhaíochtaí ghné sheachtrach EASO, mar shampla trí cheardlanna saintiomanta (pleanáil theagmhasach sa Tuirc, sa tSeirba agus sa Mhacadóin Thuaidh; glacadh UAManna san Iodáil), cuairteanna *ad hoc* ar shaoráidí glactha sa Ghréig, sa Bhoisnia agus sa Chipir, nó tacaíocht spriocdhírithe maidir le bainistiú cáilíochta na ndálaí glactha (an Ghréig).

### 4.4.4. Gníomhaíochtaí i leith iarratasóirí leochaileacha

| **Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018** |
|---|
| **Líonra saineolaithe leochaileachta seolta agus 3 imeacht reáchtáilte** |
| **1 *treoir phraiticiúil EASO maidir le measúnú aoise foilsithe*** |
| **1 *treoir phraiticiúil EASO maidir le leas an linbh sna nósanna imeachta tearmainn* curtha i gcrích** |

Ó bunaíodh é, bíonn EASO ag tacú le comhar agus le comhroinnt faisnéise idir tíortha AE+ agus saineolaithe ábhartha eile maidir le cúrsaí i ndáil le saineolaithe leochaileacha. Leanadh ar aghaidh ag cur gníomhaíochtaí comhair phraiticiúil chun feidhme i dtreo cóineasú níos mó i gcomhréir le caighdeáin AE maidir le cúrsaí a bhaineann le sainaithint agus tacaíocht a thugtar d'iarratasóirí leochaileacha sna córais tearmainn agus ghlactha de na Ballstáit.

Choinnigh an ghníomhaireacht uirthi ag díriú a cuid gníomhaíochtaí ar leanaí, lenar áiríodh leanaí neamhthionlactha, agus an nasc idir tearmann agus gáinneáil ar dhaoine. Agus an méid sin á dhéanamh aici, bhuanaigh an ghníomhaireacht a comhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le comhghníomhaireachtaí, lena n-áirítear CEPOL, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí, FRA agus Frontex i gcomhar le UNHCR agus EII measc grúpaí eile, i dtaca le hiarratasóirí leochaileacha.

Rinneadh sainaithint agus freagairt ar riachtanais speisialta d'iarratasóirí leochaileacha a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí uile EASO, go háirithe i réimsí na hoiliúna, na tacaíochta cáilíochta agus COI, maille le gníomhaíochtaí le linn oibríochtaí. I bhfianaise cineál cothrománach na ngníomhartha i ndáil le daoine leochaileacha (sainaithint, measúnú riachtanas speisialta, atreorú, etc.) agus gur minic a léiríonn daoine

a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu le níos mó ná leochaileacht amháin, chuir EASO Líonra Saineolaithe um Leochaileacht aonair in ionad Líonra EASO ar Ghníomhaíochtaí Leanaí agus Líonra Saineolaithe EASO um Gháinneáil ar Dhaoine. Is é an aidhm leis an líonra sin feabhas a chur ar shainaithint agus freagairt do riachtanais speisialta daoine leochaileacha ach an comhar praiticiúil idir na comhaltaí a threisiú, lena n-áirítear ESSanna, maidir le saincheisteanna a bhaineann le daoine leochaileacha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

An 25-26 Aibreán 2018, bhuail Líonra EASO Saineolaithe um Leochaileacht le chéile i Málta chun an coincheap, an cuspóir, an struchtúr, an bhallraíocht agus gníomhaíochtaí an líonra nua a phlé. Tá an líonra comhdhéanta d'ionadaithe ó stáit AE+, ón gCoimisiún Eorpach, ó ghníomhaireachtaí an Aontais, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ó ionadaithe na sochaí sibhialta. I gcomhréir le cáipéis clársceidealaithe aonair EASO do na blianta 2018-2020, beidh an líonra mar ardán chun dea-chleachtais a mhalartú idir a comhaltaí, agus is é a éascóidh do sholáthar an tsaineolais agus na treorach maidir le saincheisteanna atá sonrach don leochaileacht (amhail sainaithint, riachtanais speisialta a mheasúnú nó trí atreorú chuig tacaíocht leordhóthanach) i gcomhthéacs na cosanta idirnáisiúnta.

D'eagraigh EASO dhá chruinniú i ndiaidh a chéile d'fhonn Líonra Saineolaithe um Leochaileacht a sheoladh idir 5-7 Samhain 2018. Tharla an chéad chruinniú den Ghrúpa Comhairleach an 5 Samhain 2018 le rannpháirtíocht ann ó 20 ionadaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le ESSanna. Reáchtáladh an chéad chomhdháil bhliantúil den Líonra Saineolaithe um Leochaileacht freisin i Málta an 6 -7 Samhain 2018. Glacadh le linn an imeachta bhliantúil sin leis na téarmaí tagartha agus leis an bpleanáil straitéiseach den líonra don bhliain 2018. D'fhreastail 42 rannpháirtí ar an gcruinniú, lenar áiríodh 19 ionadaí ó fud na 16 thír AE+.

Choinnigh EASO uirthi ag forbairt uirlisí tacaíochta praiticiúla sa bhliain 2018, ar nós *EASO practical guide on age assessment (Treoir phraiticiúil EASO maidir le measúnú aoise)*, a foilsíodh i mí an Mhárta 2018. Tugtar treoir bhreise i dtreoir phraiticiúil nua EASO, príomhmholtaí agus sraith uirlisí le haghaidh cur chun feidhme leas an linbh agus aois an linbh á meas. Soláthraítear faisnéis nuashonraithe léi freisin faoi na modhanna a chuirtear i bhfeidhm sna tíortha AE+ agus ar mhodhanna nua ionchasacha. Tugadh *EASO practical guide on the best interests of the child in asylum procedures (Treoir phraiticiúil EASO maidir le sárleas an linbh i nósanna imeachta tearmainn*) chun críche freisin sa bhliain 2018 (a foilsíodh i mí Feabhra 2019).

### 4.4.5. Comhar le comhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí

| **Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018** |
|---|
| **1 chruinniú bliantúil maidir le comhordú agus pleanáil** |
| **1 chruinniú comhchéime breithiúnach ardleibhéil eagraithe ag Palais CBAE, inar tugadh le chéile níos mó ná 80 comhalta de chúirteanna agus binsí ó gach ceann de 29 dtír** |
| **13 chruinniú maidir le forbairt ghairmiúil** |
| **2 fhoilseachán mar chuid den tsraith forbartha gairmiúla** |

Comhoibríonn EASO le cúirteanna, binsí agus le comhlachtaí ábhartha eile faoi chuimsiú a sainordaithe. Cuimsítear leis an gcomhar, *inter alia*, ábhair forbartha gairmiúla a léiriú dá gcur chun feidhme ina dhiaidh sin i ngníomhaíochtaí oiliúna breithiúnacha; bailiú agus malartú na dlí-eolaíochta agus tacaíocht a sholáthar do Bhallstáit laistigh de chomhthéacs na n-oibríochtaí tacaíochta speisialta agus éigeandála; agus bearta eile de réir mar is gá ar bhonn *ad hoc*.



An 18-19 Eanáir 2018, bhí a shéú cruinniú bliantúil comhordaithe agus pleanála i Málta, a raibh an séú cruinniú bliantúil comhordaithe agus pleanála ag **Líonra Cúirteanna agus Binsí EASO** i Málta, ina ndearna sí athbhreithniú ar a héachtaí sa bhliain 2017 agus inar leag sí amach a plean oibre don chuid eile den bhliain. Tá Líonra Cúirteanna agus Binsí EASO comhdhéanta de bhreithiúna agus ionadaithe ó chúirteanna agus ó bhinsí ó gach tír AE+ (Ballstáit AE, mar aon leis an Iorua agus an Eilvéis), ón CBAE agus ó ECtHR, mar aon le hionadaithe ó Chomhlachas Idirnáisiúnta na mBreithiúna do Dhídeanaithe agus don Imirce, Comhlachas na mBreithiúna Riaracháin Eorpacha, an Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach, Acadamh an Dlí Eorpaigh agus an Institiúid Eorpach um Dhlí, in éineacht le UNHCR.

I gcomhréir leis an modheolaíocht a comhaontaíodh le geallsealbhóirí ábhartha, ach le comhaltaí cúirteanna agus binsí náisiúnta den chuid ba mhó sa bhliain 2015 (arna leasú ó shin i leith), choinnigh EASO uirthi ag cur ar aghaidh comhullmhú na n-ábhar forbartha gairmiúla sa bhliain 2018, maille lena scaipeadh ina dhiaidh sin ar chomhpháirtithe ábhartha. De bhun a saothair sa limistéar sin, leanadh ar aghaidh leis na hiarrachtaí chun ábhair a fhorbairt agus a chur chun cinn i ndáil le húsáid i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla do chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí.

Tugadh trí fhoilseachán i gcrích le linn na bliana 2018 mar chuid de shraith forbartha gairmiúla EASO. Críochnaíodh anailís bhreithiúnach ar *Detention of applicants for international protection in the context of the Common European Asylum System (Coinneáil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Thearmainn)* sa bhliain 2018 (arna foilsiú i mí Aibreáin 2019). Tá an foilseachán sin beartaithe chun feidhmiú mar uirlis do na cúirteanna agus do na binsí ina bpléití le cásanna a bhaineann le cosaint idirnáisiúnta. Léiríodh *Judicial practical guide on country of origin information (Treoir phraiticiúil bhreithiúnach ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh)* agus é mar chuspóir leis cuidiú le breithiúna agus le cinnteoirí chun a áirithiú go gcomhlíonann a n-úsáid den COI sa chinnteoireacht leis na critéir chomhchoiteanna i ndáil le cáiliú do chosaint idirnáisiúnta sa treoir athmhúnlaithe maidir le cáiliú, agus leis na ceanglais maidir le cothroime agus éifeachtacht na treorach athmhúnlaithe maidir le nósanna imeachta tearmainn. Ina theannta sin, faoi théarmaí conartha a cuireadh i gcrích le Comhlachas Idirnáisiúnta na mBreithiúna sa Dlí Dídeanaithe, foilsíodh anailís bhreithiúnach ar *Evidence and credibility assessment in the context of the Common European Asylum System (Fianaise agus measúnú creidiúnachta i gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Thearmainn).* Cuireadh tiomsúcháin den dlí-eolaíocht i dteannta leis na trí fhoilseachán go léir.

Ghlac 264 chomhalta de na cúirteanna agus ag na binsí rannpháirt ó thús go deireadh na bliana 2018 i gcruinnithe forbartha gairmiúla EASO, le hionadaíocht iontu ó fud 12 thír. Áirítear leis sin **12 chruinniú forbartha gairmiúla** ina bpléitear:

- nósanna imeachta tearmainn, treoirsheisiún (Feabhra 2018);
- fianaise agus measúnú creidiúnachta (Márta 2018);
- faisnéis faoin tír thionscnaimh, treoirsheisiún (Márta 2018);
- eisiamh (Bealtaine 2018);
- Airteagal 15(c) den treoir maidir le cáiliú (Meitheamh 2018);
- faisnéis faoin tír thionscnaimh, tacaíocht do Roinn Oibríochtaí EASO (Iúil 2018);
- seimineár réigiúnach na mBalcán Thiar, tacaíocht d’Earnáil Ghné Sheachtrach EASO (Iúil 2018);
- bonnchúrsa sa CET (Meán Fómhair 2018);
- fianaise agus measúnú creidiúnachta, tacaíocht do bhreithiúna na hÉireann — seisiún I (Meán Fómhair 2018);
- fianaise agus measúnú creidiúnachta, tacaíocht do bhreithiúna na hÉireann — seisiún II (Meán Fómhair 2018);
- deireadh a chur le cosaint idirnáisiúnta (Deireadh Fómhair 2018);
- cáiliú don chosaint idirnáisiúnta (Samhain 2018).

Tionóladh cruinniú comhchéime breithiúnach ardleibhéil an 22 -23 Samhain 2018 ag Palais CBAE. D’eagraigh EASO an t-imeacht i gcomhar le CBAE, le ECtHR agus le Comhlachas Idirnáisiúnta na mBreithiúna do Dhídeanaithe agus don Imirce, ag tabhairt le chéile níos mó ná 80 comhalta de chúirteanna agus de bhinsí ó 29 dtír, mar aon le hionadaithe ó UNHCR (Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine). Sainaithníodh príomhdhúshláin sa chruinniú maidir leis an CET agus na dúshláin shonracha os comhair CBAE agus ECtHR agus iad ag plé le cásanna cosanta idirnáisiúnta. Phléigh na rannpháirtithe na dúshláin a bhaineann le coincheapa na tíre sábháilte, an neamh-*refoulement* agus an measúnú ar fhianaise agus creidiúnacht an dara lá den chomhdháil, mar aon le bearnaí a d’fhéadfadh a bheith ann i ndáil le cosaint i gcomhthéacs réitigh éifeachtacha faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath. Tugadh cuireadh do rannpháirtithe freisin freastal ar éisteacht chúirte faoinar tugadh faisnéisiú mionsonraithe roimh ré.

### 4.4.6. Líonra Bhaile Átha Cliath

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **1 chruinniú téamach saineolaithe de Líonra EASO Aonad Bhaile Átha Cliath maidir le haistrithe Bhaile Átha Cliath** |
| **1 chruinniú téamach saineolaithe comheagraithe le eu-LISA maidir le DubliNet** |
| **1 chruinniú grúpa oibre maidir le forbairt treoir phraiticiúil EASO maidir le rialachán Bhaile Átha Cliath: agallamh agus measúnú fianaise** |
| **1 chruinniú grúpa oibre maidir le forbairt moltaí EASO maidir le haistrithe Bhaile Átha Cliath** |
| **2 chruinniú Ghrúpa Stiúrtha de Líonra EASO Aonad Bhaile Átha Cliath** |
| **4 thuarascáil ráithiúla foilsithe ar ardán Líonra Bhaile Átha Cliath** |

Ós rud é go mbíonn sé infheidhmithe go díreach i ngach Ballstát, ba cheart Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chur chun feidhme ina iomláine. Faoi mar a shloinntear sa chlár oibre Eorpach maidir leis an imirce, is iad na Ballstáit a bhíonn freagrach go sonrach as acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun líon aistrithe Bhaile Átha Cliath a mhéadú agus chun moilleanna i bpróiseas an aistrithe a laghdú. Ba cheart do Bhallstáit na clásail dhlíthiúla a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i ndáil le hathaontú teaghlaigh agus úsáid níos forleithne agus níos rialta a bhaint as na clásail dhisciplíneacha atá beartaithe chun faoiseamh a thabhairt don bhrú ar Bhallstáit suite ag teorainn sheachtrach an Aontais.

De bhun chlár oibre na hEorpa maidir leis an imirce, bunaíodh **Líonra EASO Aonad Bhaile Átha Cliath** i mí Feabhra 2016. Is fóram é an líonra d'idirphléití maidir leis na riachtanais agus na tosaíochtaí reatha i gcomhthéacs Bhaile Átha Cliath, ach saineolas maidir le saincheisteanna a bhaineann le Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chomhthiomsú. Soláthraítear leis freisin ardán le haghaidh comhair phraiticiúil fheabhsaithe agus cumarsáide idir aonaid náisiúnta Bhaile Átha Cliath, agus éascaíonn sé dá rochtain ar fhaisnéis ábhartha. Feidhmíonn sé mar dhíorma saineolais freisin ar shaincheisteanna a bhaineann le Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath freisin chun comhar praiticiúil a fheabhsú.

Mar thoradh ar a chlár oibre don bhliain 2018, lean an líonra ag eagrú idirphléití ar leibhéal sinsearach agus na saineolaithe, agus d'eisigh ceithre thuarascáil ráithiúla nuashonraithe laistigh den líonra, agus d'éascaigh do chumarsáid maidir le fiosruithe sonracha i ndáil le Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath trí ardán leictreonach saintiomanta an líonra. Choinnigh an líonra uirthi le forbairt na dtreoracha praiticiúla chun tacú leis na Ballstáit.

**Tacaíocht chun aistrithe Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme**

Rinne Líonra EASO Aonad Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra 2018 atá comhdhéanta de shaineolaithe ó 20 tír AE+, mar aon le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus ó UNHCR; plé ar na dúshláin agus na réitigh féideartha chun feabhas a chur leis an malartú cumarsáide idir na Ballstáit le linn oibríochtú laethúil na n-aistrithe Bhaile Átha Cliath. D'fhonn cabhrú leis na Ballstáit agus iad ag cur aistrithe i bhfeidhm agus ina gcumarsáid lena chéile, forbraíodh uirlis phraiticiúil ina bhfaightear faisnéis na mBallstát a bhaineann le haistriú.

Díríodh seisiún téamach sa cheathrú chruinniú de Ghrúpa Stiúrtha Líonra EASO Aonad Bhaile Átha Cliath i mí an Mheithimh 2018 mar bheart leantach ar aistrithe Bhaile Átha Cliath. D'aithin na rannpháirtithe ann gur gá aontú ar mholtaí ar bhunús na gcaighdeán comhchoiteann. Pléadh ann an rogha grúpa oibre a bhunú. Ar bhunús na gconclúidí ó na himeachtaí roimhe sin ab amhlaidh a bhreac síos ceathrar saineolaithe ó na Ballstáit ar pár níos déanaí i mí Dheireadh Fómhair na bliana sin na moltaí EASO maidir le haistrithe Bhaile Átha Cliath. Moltaí praiticiúla atá sna moltaí féin chun aistrithe a chur chun feidhme níos fearr agus cumarsáid idir na Ballstáit a fheabhsú. Foilseofar na moltaí sa bhliain 2019.

**Tacaíocht chun Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach**

Reáchtáladh an tríú cruinniú den ghrúpa oibre faoin treoir phraiticiúil maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme: agallamh agus measúnú fianaise i Málta i mí na Bealtaine 2018. Táthar ag cur bailchríche leis an treoir agus foilseofar í sa bhliain 2019.

D'fhonn tacú leis na Ballstáit le húsáid DubliNet — bealach cumarsáide criptithe oifigiúil d'aonaid Bhaile Átha Cliath — comheagraíodh cruinniú leantach le eu-LISA i mí Dheireadh Fómhair 2018 inar phléigh na rannpháirtithe na dúshláin agus na dea-chleachtais.

**Tacaíocht don athaontú teaghlaigh agus úsáid na gclásal lánroghnach**

Reáchtáladh an cúigiú cruinniú de Ghrúpa Stiúrtha Líonra EASO Aonad Bhaile Átha Cliath i Málta an 14-15 Samhain 2018. Ba é an fócas téamach leis an gcruinniú é cur chun feidhme Airteagal 17 de Rialachán Bhaile Átha Cliath maidir le clásail lánroghnacha. Chuir EASO torthaí an tsuirbhé ar Airteagal 17 faoina bhráid, agus phléigh na Ballstáit a gcleachtais agus a ndúshláin in úsáid na gclásal ceannasachta agus daonnúil. Cuireadh moltaí EASO maidir le haistrithe Bhaile Átha Cliath faoi bhráid an líonra i rith an chruinnithe freisin.

## 4.4.7. Líonra Eisiaimh


| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **1 chruinniú PTN den Líonra Eisiaimh maidir le comhar idir na húdaráis tearmainn, bhreithiúnacha agus phóilíneachta faoi chásanna eisiaimh** |
| **1 chruinniú téamach den Líonra Eisiaimh maidir leis an "Eisiamh agus an Iaráic"** |
| **4 thuarascáil ráithiúla don bhliain 2018 comhroinnte leis an líonra** |

Thug EASO cothú sa bhliain 2018 do ghníomhaíochtaí a Líonra Eisiaimh, le rannpháirtíocht ann ó shaineolaithe AE+ ina bpléitear le cásanna i ndáil le heisiaimh ón gcosaint idirnáisiúnta. Chun na críche sin, díríonn an líonra go sonrach ar Airteagal 12(2) agus (3) a chur chun feidhme, mar aon le hAirteagal 17 den treoir um cháilíochtaí ([7]), lena n-áirítear cosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar ar bhonn na bhforálacha sin.

Agus í ag comhlíonadh a cláir oibre don bhliain 2018, d'eagraigh EASO dhá chruinniú den Líonra Eisiaimh de réir formáidí éagsúla; d'éascaigh do rannpháirtíocht an líonra i ngníomhaíochtaí a bhaineann le malartú dea-chleachtas; comhroinneadh tuarascálacha nuashonraithe tréimhsiúla ábhartha don bhliain 2018 le comhaltaí an líonra; agus tugadh aghaidh ar cheithre fhiosrú shonracha faoin eisiamh leis an líonra. Baineann na hábhair a phléitear sna fiosruithe le hionramháil cásanna breithiúna ag cúirteanna réabhlóideacha na hAfganastáine, cur i bhfeidhm náisiúnta d'Airteagal 1 Fb, comhar idir na húdaráis tearmainn, bhreithiúnacha agus phóilíneachta maidir le cásanna eisiaimh, agus tásca agus breithniúcháin eisiaimh i ualach cásanna na n-iarratasóirí ón Iaráic.

D'fheidhmigh Seirbhís Inimirce agus Eadóirseachta na hÍsiltíre sa Háig mar óstach i mí an Mhárta 2018 ar chruinniú PTN den Líonra Eisiaimh. Díríodh an clár oibre ar chomhar idir na húdaráis tearmainn, bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí i gcásanna eisiaimh agus coireanna idirnáisiúnta. Breithníodh na bealaí don chomhar treisithe agus ionadaithe i láthair ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus ó Rúnaíocht Líonra Cinedhíothaithe an Aontais Eorpaigh laistigh d'Aonad an Aontais Eorpaigh um Chomhar Breithiúnach. Tionóladh an Líonra Eisiaimh arís níos déanaí i mí na Samhna chun plé a dhéanamh ar "Eisiamh agus an Iaráic". Ba tar éis idirphléití agus faisnéis a bailíodh trí mheán an Líonra Eisiaimh a tionscnaíodh Uirlis Scagtha Eisiaimh nua don Iaráic (le tabhairt chun críche sa bhliain 2019).

Cosúil leis sin, táthar ag forbairt mar bheart leantach ar chomhchruinniú an Líonra Speisialtóirí COI faoin Afganastáin i mí na Samhna 2017 Uirlis Scagtha Eisiaimh don Afganastáin.




([7]) Treoir 2011/95/AE maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar (athmhúnlú).

## 4.5. Gníomhaíochtaí cothrománacha

### 4.5.1. An tSochaí shibhialta agus an Fóram Comhchomhairleach

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **3 chruinniú den Fhóram Comhchomhairleach:**<br>• 34 rannpháirtí ag cruinniú téamach an Fhóraim Chomhchomhairligh maidir le rochtain ar fhaisnéis;<br>• 170 rannpháirtí sa chruinniú iomlánach bliantúil maidir le glacadh;<br>• 35 rannpháirtí ag taobhchruinniú neamhfhoirmiúil an Fhóraim Chomhchomhairligh a bhaineann le seoladh na tuarascála bliantúla 2017. |
| **Foilsiú páipéir faisnéise maidir le** *Access to information: exploring existing resources, good practices and ways forward (Rochtain ar fhaisnéis ina dtaiscéaltar acmhainní reatha, dea-chleachtais agus bealaí chun cinn)* **tar éis aschur an chruinnithe théamaigh a chomhdhlúthú maidir le faisnéis a sholáthar** |
| **6 chomhairliúchán leictreonacha le 121 aighneacht** |
| **Rannpháirtíocht fhairsing ESSanna i ngníomhaíochtaí oiliúna EASO:**<br>• 11 ESS páirteach le forbairt/huasghrádú/nuashonrú mhodúil churaclaim oiliúna EASO agus/nó cláir oiliúna oibríochtúla: 2 ESS mar chuid den ghrúpa tagartha agus 9 ESS breise le speisialtóireacht ach cuireadh a fháil;<br>• Cuireadh chun feidhme/glacadh rannpháirt le 85 oiliúnóir agus 353 oiliúnaí ó ESSanna sna hoiliúintí oibriúchtúla san Iodáil (maidir le e.g. Glacadh UAManna, caomhnóirí deonacha, ateangaireacht i gcomhthéacs an tearmainn, **rialachán** Bhaile Átha Cliath a chur chun feidhme, maille leis an gclár oiliúna d'oibrithe cásanna leithleacha EASO);<br>• Chuir 2 oiliúnóir ó ESSanna oiliúintí oibríochtúla chun feidhme sa Ghréig (seisiún um gháinneáil ar dhaoine don chlár oiliúna le haghaidh saineolaithe leochaileachta maille leis an gclár oiliúna do shaineolaithe EASO don nós imeachta teorann). |
| **Ghlac níos mó ná tuairim ar 240 ESS rannpháirt i gcruinnithe/gcomhairliúcháin leictreonacha den Fhóram Comhchomhairleach, maille le gné chothrománach thar ghníomhaíochtaí EASO éagsúla (oiliúint, Líonra Saineolaithe um Leochaileacht, COI, etc.)** |

Lean EASO ar aghaidh ag glacadh páirte i ndlúthphlé leis an tsochaí shibhialta trí chreat a Fhóraim Chomhchomhairligh agus trí ardán sochaí shibhialta na gníomhaireachta. Tharla comhar ar bhonn cruinnithe an Fhóraim Chomhchomhairligh, comhairliúcháin leictreonacha maidir le doiciméid thábhachtacha EASO, chomh maith le cuireadh a thabhairt d'ESSanna páirt a ghlacadh i réimsí éagsúla de shaothar na gníomhaireachta (gníomhaíochtaí oiliúna, gníomhaíochtaí a bhaineann le grúpaí leochaileacha, próisis tearmainn, COI, etc.).

D'fhonn méadú a chur leis an mbéim agus an comhar straitéiseach leis an tsochaí shibhialta a ghlac EASO cur chuige níos téamaí i ndáil le cruinnithe an Fhóraim Chomhchomhairligh sa bhliain 2018, lena n-áirítear dá chruinniú iomlánacha bhliantúla, rud a chuidigh go mór le leibhéal na mionsonraí sna hidirphléití agus sna torthaí. Eagraíodh cruinniú téamach ag ceanncheathrú EASO i mí an Mhárta 2018 maidir le "Rochtain ar fhaisnéis". Ghlac 34 ESS le speisialtóireacht um sholáthar faisnéise d'iarratasóirí agus do thairbhithe na cosanta idirnáisiúnta rannpháirt ann san iomlán. Rinneadh achoimre ar thorthaí na gcomhphléití i bpáipéar faisnéisithe dar theideal *Access to information in the context of asylum: exploring existing resources, good practices and ways forward (Rochtain ar fhaisnéis i gcomhthéacs an tearmainn:: taiscéaladh ar acmhainní reatha, dea-chleachtais agus bealaí chun cinn* ([8]*).*

Díríodh an t-ochtú heagrán de chruinniú iomlán an Fhóraim Chomhchomhairligh an 5 Nollaig ar an nglacadh. Bailíodh os cionn 170 rannpháirtí ann agus léiríodh sásamh ard ó rannpháirtithe sna torthaí ón meastóireacht. Bhí ESSanna tar éis rannchuidiú leis an gclár i rith taobhchruinniú neamhfhoirmiúil de chuid an Fhóraim Chomhchomhairligh i mí an Mheithimh.

Choinnigh EASO uirthi ag dul i gcomhairle le ESSanna faoi dhoiciméid thábhtachtacha trí mheán comhairliúchán leictreonach. Tugadh faoi sé chomhairliúchán leictreonacha ina bhfuarthas 121 aighneacht. Bhain na comhairliúcháin le *Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach 2017*; le dréachtchlár oibre EASO 2019; le *Tuarascáil ghinearálta bhliantúil EASO 2017,* chomh maith le dréachtanailís bhreithiúnach EASO maidir le *Detention of applicants for international protection in the context of the Common European Asylum System (Coinneáil iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Thearmainn).* Ina theannta sin, ba lena cuid gníomhaíochtaí taighde a mhúnlú a d'iarr EASO ar an tsochaí shibhialta ionchur le cás na n-iarratasóirí as an mBanglaidéis san AE+ trí mheán suirbhé ar líne. Ar deireadh, tháinig suirbhé oscailte ar ghníomhaíochtaí faisnéise na ESSanna le cruinniú téamach an Fhóraim Chomhchomhairligh maidir le rochtain ar fhaisnéis chomh maith leis an bpáipéar faisnéisithe a d'eascair as sin.

Tharla comhar leanúnach leis an tsochaí shibhialta ar fud go leor gníomhaíochtaí éagsúla EASO. Bhí ESSanna

([8]) http://www.easo.europa.eu/sites/default/files/EASO-Briefing-Paper-Access-to %20Information—in-the-context-of-Asylum.pdf

rannpháirteach sna grúpaí tagartha maidir le huirlisí oiliúna agus praiticiúla, agus roghnaíodh 32 ESS chun suíochán a ghlacadh sa Ghrúpa Comhairleach den Líonra Saineolaithe um Leochaileacht. Ghlac roinnt saineolaithe ESS roghnaithe páirt i gcruinnithe COI faoin Iaráic, faoin Iaráin, faoi Mhailí, faoin Nigéir agus faoin tSomáil; agus leasaíodh freisin tuarascálacha tíre COI faoin Iaráic, faoi Mhailí agus faoin Nigéir.

Tháinig méadú as cuimse go sonrach ar rannpháirtíocht ESSanna i ngníomhaíochtaí oiliúna, le hionadaithe ó ESSanna nach cuid den ghrúpa tagartha iad ag rannchuidiú le forbairt/uasghrádú/nuashonrú na modúl den churaclam oiliúna agus de na cláir oiliúna oibríochtúla. Bhí dlúthbhaint níos mó ag an tsochaí shibhialta le cur chun feidhme na n-oiliúintí oibríochtúla, go háirithe san Iodáil. I gcomhthéacs tacaíochta EASO chun cumas glactha le hUAManna a neartú, mar aon le bearta tacaíochta don chóras caomhnóireachta, chuir ionadaithe ó ESSanna chun feidhme agus ghlac siad páirt in oiliúintí.

Ar deireadh, ghlac EASO páirt ghníomhach freisin i ngníomhaíochtaí d'Fhóram Comhchomhairleach Frontex chomh maith le Líonra na gCleachtóirí san Idirphlé leis an tSochaí Shibhialta arna eagrú ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i gcomhar leis an gCoimisiún.

### 4.5.2. Cumarsáid agus caidreamh le geallsealbhóirí

| Príomhéachtaí EASO sa bhliain 2018 |
|---|
| **Cruinniú bliantúil an líonra iriseoirí, agus an *Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach 2017* á seoladh: an naoú scéal is mó treochtaíola an lá úd, agus dul i ngleic le lucht féachana de 500 milliún** |
| **Tháinig méadú ar an lucht féachana preasa féideartha faoi 115 % ó 1.9 billiún (2017) go dtí 4.1 billiún** |
| **Tuarascálacha faireacháin ar na meáin shóisialta seachtainiúla (47), anailíseacha (8), téamacha (5) agus *ad hoc* (5)** |
| **150 foilseachán nua de chuid EASO agus 200 aistriúchán ar fhoilseacháin de chuid EASO** |
| **22 380 leantóir ar leathanach EASO Facebook**<br>**8 830 leantóir ar leathanach EASO Greenline Italy Facebook**<br>**179 680 leantóir ar leathanach Journey to Europe' ar Facebook** |
| **19 500 leantóir EASO ar Twitter** |
| **11 eagrán de nuachtlitir EASO** |

Chuir EASO dlús lena cuid iarrachtaí caidreamh le geallsealbhóirí agus leis na meáin a bhainistiú agus a chothú sa bhliain 2018, i gcomhréir leis na cuspóirí atá leagtha amach ina plean cumarsáide agus geallsealbhóirí don bhliain 2018.

Bhí rannpháirtíocht EASO le páirtithe leasmhara agus a cuid gníomhaíochtaí cumarsáide ríthábhachtach maidir le cur i gcrích rathúil agus éifeachtach chlár oibre EASO agus chun tacú go díreach le tosaíochtaí straitéiseacha EASO sa bhliain 2018. Le linn a cuid gníomhaíochtaí cumarsáide uile sa bhliain 2018, chuir EASO a cáil ar aghaidh agus neartaigh sí a creidiúnacht lena cuid geallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne.

**Rannpháirtíocht le geallsealbhóirí**

Lean EASO ar aghaidh sa bhliain 2018 ag cothú caidrimh ghníomhaigh lena geallsealbhóirí d'fhonn cinntí eolasacha a ghlacadh agus chun a áirithiú go mbíonn geallsealbhóirí ar an eolas faoi shaothar EASO, agus gur féidir leo ionchur leis.

Ba chuige sin a reáchtáil EASO tuairim ar 140 cruinniú le príomh-gheallsealbhóirí, agus a d'fheidhmigh mar óstach do 20 cuairt ó thoscaireachtaí ardleibhéil ina ceanncheathrú. Bhí EASO rannpháirteach freisin i gcruinnithe seachtracha iomadúla. Áiríodh lena cuid idirghabhálaithe stiúrthóirí, oifigigh d'ardghrád, airí, ambasadóirí, ionadaithe buana na mBallstát agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí AE, ón gCoimisiún Eorpach, ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ó Choiste na mBuanionadaithe, ó na parlaimintí náisiúnta agus ó phríomh-údaráis náisiúnta agus áitiúla sna Ballstáit agus i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad chomh maith.

Lean EASO ar aghaidh freisin i gcomhiarrachtaí le UNHCR, agus go háirithe le hoifig idirchaidrimh EASO na heagraíochta úd i Málta. Reáchtáladh cruinnithe déthaobhacha míosúla, cruinnithe comhordaithe oibríochtúla, cruinnithe téamacha *ad hoc* agus cruinniú den lucht bainistíochta sinsearach sa bhliain 2018. Ba leis na cruinnithe sin a ceadaíodh don chomphlé ar phleananna agus dúshláin san Eoraip, a méadaíodh comhordú agus a neartaíodh an comhar a bhí ann. Choinnigh EASO uirthi ag méadú a comhair le Gréasán Imirce na hEorpa (EMN) trína bheith rannpháirteach ar bhonn gníomhach i gCruinnithe PTNanna agus Bhord Stiúrtha EMN, rannpháirtíocht i ngrúpaí comhairleacha do na staidéir EMN agus do na rannchuidithe rialta le ceardlanna agus le comhdhálacha EMN.

**Comhar le gníomhaireachtaí AE eile**

Fóram eile ina bhfuil ról gníomhach ag EASO is ea líonra na ngníomhaireachtaí CGB. Rannchuidigh EASO go gníomhach leis na díospóireachtaí ag sé chruinniú leis

na gníomhaireachtaí eile CGB, go háirithe cruinnithe líonra agus cruinnithe téamacha ar oiliúint, TFC agus an ghné sheachtrach. D'eascair caidreamh oibre níos láidre, comhar níos dlúithe agus comhoibriú níos fearr idir na gníomhaireachtaí as na teagmhálacha sin, ar bhonn déthaobhach agus ar bhonn iltaobhach araon.

Ghlac EASO páirt sa bhliain 2018 i gcruinnithe líonra gníomhaireachtaí an Aontais, faoi chathaoirleacht Frontex agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Cheadaigh an deis sin do EASO tairbhe a bhaint as dea-chleachtais arna gcomhroinnt ag gníomhaireachtaí eile, go háirithe i dtaca le riarachán, forbairt feidhmíochta agus cumarsáid.

**Teagmháil leis na meáin**

D'eagraigh EASO ceardlann léirithe físe, a tionóladh an 28-29 Bealtaine 2018. Bhí an t-imeacht dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fhoirne léirithe físe le gníomhaireachtaí an Aontais chun freagairt go leordhóthanach don fhísréabhlóid leanúnach. Cumhdaíodh modúil éagsúla leis an gclár amhail bunphrionsabail d'fhíseáin na meán sóisialta, agus foráil a dhéanamh maidir le lá iomlán amháin d'oiliúint ghairmiúil, lena mínítear na teicnící cearta chun físeáin a léiriú laistigh de thréimhse ghearr, chomh maith le tuilleadh faisnéise a chur ar fáil faoin gcaoi le rannpháirtíocht dhigiteach a chruthú.

Bhí slua mór i láthair ag seoladh thuarascáil bhliantúil EASO, a reáchtáladh an 18 Meitheamh 2018 sa Bhruiséil, agus b'ionann an t-ábhar bolscaireachta do na meáin agus na naoú scéal ba mhó treochtaíola ar domhan an lá úd, le lucht féachana 500 milliún duine, ar mhéadú cúigfhillte é i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. D'fháiltigh EASO roimh an bpreas ag a hoifigí sa Ghréig agus san Iodáil i rith na bliana. Cuireadh an stiúrthóir feidhmiúcháin agus baill foirne eile faoi agallamh 150 uair sa bhliain 2018, rud a léirigh an tábhacht agus an méadú spéise i saothar EASO. Ina theannta sin, ba trí fhor-rochtain preasa spriocdhírithe sa bhliain 2018 a rinne EASO níos mó ná dúbailt ar a lucht féachana féideartha le tuairisciú meán ó 1.9 billiún (2017) go dtí 4.1 billiún.

**Lá eolais EASO**

Amhail na blianta roimhe seo, d'eagraigh EASO a Lá Eolais bliantúil sa bhliain 2018 i dtromlach na mBallstát agus i bParlaimint na hEorpa. Ba é an croítéama leis "ról na faisnéise agus na hanailíse sa Chomhchóras Eorpach Tearmainn". Ghlac EASO rannpháirt freisin i Lá Oscailte AE sa Bhruiséil don dara huair ón mbliain 2015 i leith.

**Comhphobal cleachtais do chumarsáidithe tearmainn**

Don séú bliain as a chéile, d'eagraigh EASO cruinniú "iolraitheoirí cumarsáide" i Málta a bhí dírithe ar fheachtais chumarsáide i dtíortha tionscnaimh agus idirthurais. Ba í EASO freisin a d'eagraigh an ceathrú cruinniú um Fhaisnéis na Meán Sóisialta, ar ar fhreastail slua mór rannpháirtithe.

**EASO ar na meáin shóisialta**

Cuid lárnach den chaidreamh gníomhach atá aici le geallsealbhóirí ón mbliain 2018 i leith is ea idirghníomhaíocht EASO lena leantóirí ar na meáin shóisialta. Bíonn EASO le fáil ar na meáin shóisialta le roinnt leathanach Facebook agus próifílí aici ar Twitter. Baineadh úsáid as na hardáin mheán sóisialta sin sa bhliain 2018 chun cruinnithe, nuacht, imeachtaí, foilseacháin agus nithe eile de chuid EASO a chur chun cinn go poiblí. B'ionann líon na leantóirí ag EASO faoi dheireadh na bliana agus os cionn 22 380 duine do leathanach EASO ar Facebook; 8 830 duine do leathanach EASO Greenline Italy; 179 680 duine don leathanach "Journey to Europe"; 19 500 duine do phróifíl EASO ar Twitter; agus 1 676 don phróifíl EASO "Journey to Europe" ar Twitter.

Rinneadh meastóireacht sa bhliain 2018 agus cuireadh síneadh le treoirfheachtas EASO sna meáin shóisialta le heolas a thabhairt d'imircigh nó d'imircigh féideartha ón Nigéir faoin tearmann san Aontas Eorpach, ar cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2017, tar éis dó gach tagarmharc a shárú. D'fhormhéadaigh EASO a clár faireacháin ar na meáin shóisialta freisin, idir bhreis teangacha a chur léi agus cineálacha tuarascálacha breise a fhorbairt (cinn théamacha agus *ad hoc*). Léirigh an fhoireann speisialaithe in EASO 47 dtuarascáil sheachtainiúil, ocht dtuarascáil anailíseacha, cúig thuarascáil théamacha agus cúig thuarascáil *ad hoc*.

**Foilseacháin agus nuachtlitir EASO**

Léirigh agus d'fhoilsigh EASO 150 foilseachán nua de chuid EASO sa bhliain 2018, agus sholáthair 200 aistriúchán ar ardchaighdeán d'fhoilseacháin EASO. Foilsíodh aon nuachtlitir mhíosúil déag sa bhliain 2018.

## 4.6. Rialachas

Chonaic an ghníomhaireacht fadhbanna tromchúiseacha a bhain leis an rialachas agus le cúrsaí bainstíochta i rith na mblianta 2017 agus 2018, ónar tháing éirí as an iarstiúrthóra feidhmiúcháin agus ag a raibh tionchar díreach ar shaothar, ar cháil agus ar bhaill foirne na gníomhaireachta. Seoladh imscrúdú leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise i mí Dheireadh Fómhair 2017. Níor éirigh leis an ngníomhaireacht a urscaoileadh buiséid a fháil don bhliain 2016.

Thionscain an bord bainistíochta bearta eatramhacha an 27 Feabhra 2018 maidir leis an iarstiúrthóir feidhmiúcháin te cinneadh Uimh. 35 den bhord bainistíochta i limistéir na hearcaíochta agus an tsoláthair, rud a chuir srian le rogha an stiúrthóra feidhmiúcháin sna limistéir úd.

Ar ghlacadh dualgais don stiúrthóir feidhmiúcháin eatramhach an 6 Meitheamh 2018, mhionshaothraigh sé plean gníomhaíochta rialachais agus chuir é faoi bhráid an bhoird bhainistíochta i mí Mheán Fómhair 2018. Is é an aidhm fhoriomlán leis an bplean sin chun an ghníomhaireacht a thabhairt ar ais chuig gnáthfheidhmiú ach muinín a shlánú go hinmheánach agus go seachtrach araon, an struchtúr rialachais a threisiú agus an acmhainn inmheánach a athfhorbairt.

Rinneadh nuashonruithe don phlean gníomhaíochta rialachais i mí na Samhna 2018 agus i mí Eanáir 2019. Áirítear 61 bheart leis an bplean gníomhaíochta anois. Táthar tar éis gach beart a chur i ngníomh go nuige seo, tá 30 beart curtha i gcrích agus tá 31 bheart fós ar siúl.

Cuireadh san áireamh go léir torthaí agus moltaí na dtuarascálacha iniúchóireachta is déanaí ón tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach, réamhthorthaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbliain 2017, an suirbhé maidir le rannpháirtíocht foirne, agus an féinmheasúnú rialaithe inmheánaigh a stiúradh le déanaí ag an stiúrthóir feidhmiúcháin eatramhach ar an mbliain 2017. Is cáipéis bheo atá sa phlean gníomhaíochta, agus nuashonrófar í de réir mar is gá.

Tá an Ghníomhaireacht ag infheistiú go mór chun a áirithiú go gcuirfear an plean gníomhaíochta chun feidhme laistigh de na tréimhsí ama a sonraíodh. Iarrfar ar an mbord bainistíochta doiciméid thábhachtacha a ghlacadh, de réir mar is gá. Soláthrófar nuashonruithe maidir le dul chun cinn chuig an mbord bainistíochta ag eatraimh rialta.

# Iarscríbhinní

## A.I. Struchtúr eagrúcháin EASO

Tá struchtúr inmheánach rialachais agus riaracháin EASO comhdhéanta de bhord bainistíochta agus stiúrthóir feidhmiúcháin.

Is é an **bord bainistíochta** údarás pleanála agus faireacháin na gníomhaireachta a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 lena mbunaítear EASO. Tá sé comhdhéanta d'ionadaí amháin is saineolaí ó gach Ballstát AE (seachas an Danmhairg) agus ón gCoimisiún Eorpach. Tugtar cuireadh don Danmhairg, in éineacht le hionadaithe ón Íoslainn, ó Lichtinstéin, ón Iorua, ón Eilvéis agus ón UNHCR, rannpháirt a ghlacadh mar bhreathnóirí sa bhord bainistíochta.


Le linn dó nó di na freagrachtaí a leagtar síos in Airteagal 31 de Rialachán EASO a chomhlíonadh, faigheann an **stiúrthóir feidhmiúcháin** tacaíocht ón Oifig Tacaíochta Feidhmiúcháin, ó na hOifigigh Idirchaidrimh le hInstitiúidí AE agus le Frontex agus ón Aonad Cumarsáide agus Geallsealbhóirí. Cheap Bord Bainistíochta EASO Mr Jamil Addou an 6 Meitheamh 2018 mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin eatramhach ar an ngníomhaireacht.

Is í an **Roinn um Thacaíocht Tearmainn** a chuireann le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Thearmainn ach tacaíocht a sholáthar leis an aidhm acmhainní tíortha AE+ a fheabhsú chun an Comhchóras Eorpaigh Thearmainn a chur chun feidhme trí oiliúint chomhchoiteann, trí chomhar praiticiúil comhordaithe agus trí fhorbairt agus faireachán a dhéanamh ar chaighdeáin agus treoir oibríochtúla.

Is í an **Roinn Oibríochtaí** a fhorbraíonn agus a chuireann chun feidhme cur chuige cuimsitheach le haghaidh ghníomhaíochtaí EASO i réimse na n-oibríochtaí. Tugann sí le chéile faisnéis faoin staid agus faoin tír thionscnaimh, pleanáil oibríochtúil agus tacaíocht oibríochtúil laistigh d'AE agus lasmuigh den AE faoi chreat comhordaithe amháin. Faoi bhun na n-oibríochtaí faightear prótacail agus uirlisí oibríochtúla, maille le sásra um fhaireachán agus meastóireacht leanúnach chun na torthaí is fearr a áirithiú.

Is í an **Roinn Riaracháin** a sholáthraíonn córas tacaíochta agus seirbhísí tacaíochta ar fáil do na croíréimsí oibre.

## Fíor A.1: Cairt eagrúcháin EASO



# A.II. Buiséad EASO sa bhliain 2018

### Tábla A.1: Feidhmiú buiséid na leithreasuithe ceangaltais (CA) de réir foinse cistí

| Leithreasuithe gealltanais | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Teideal buiséid | Foinse cistí | CA a buiséadaíodh (€) | CA a cuireadh chun feidhme (EUR) | CA (%) |
| Teideal 1 — Caiteachas foirne | C1 | 20 336 982.00 | 19 314 071.60 | 94.97 |
| | C4 | 4 266.30 | | |
| | C8 | 972 033.18 | 868 759.38 | 89.38 |
| | R0 | 54 747.48 | 54 747.48 | 100.00 |
| Iomlán Teideal 1 | | 21 368 028.96 | 20 237 578.46 | 94.71 |
| Teideal 2 — Caiteachas bonneagair agus oibríochtúil | C1 | 12 184 500.00 | 9 746 175.94 | 79.99 |
| | C4 | 4 135.43 | — | — |
| | C5 | 78.16 | — | — |
| | C8 | 2 740 398.30 | 2 530 533.51 | 92.34 |
| | R0 | 708 406.25 | 698 192.85 | 98.56 |
| Iomlán Teideal 2 | | 15 637 518.14 | 12 974 902.30 | 82.97 |
| Teideal 3 — Caiteachas oibríochtúil | C1 | 59 449 518.00 | 58 327 219.14 | 98.11 |
| | C4 | 21 082.00 | — | — |
| | C5 | 7 938.30 | 7 938.30 | 100.00 |
| | C8 | 22 663 826.55 | 19 363 813.26 | 85.44 |
| | R0 | 9 355 454.40 | 5 478 759.22 | 58.56 |
| Iomlán Teideal 3 | | 91 497 819.25 | 83 177 729.92 | 90.91 |
| Teideal 4 — Tionscadail sheachtracha eile | R0 | 380 091.28 | 334 338.73 | 87.96 |
| Iomlán Teideal 4 | | 380 091.28 | 334 338.73 | 87.96 |
| Iomlán CA | | 128 883 457.63 | 116 724 549.41 | 90.57 |


### Tábla A.2: Feidhmiú buiséid na leithreasuithe íocaíochta (PA) de réir foinse ciste

| Leithreasuithe íocaíochta | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Teideal buiséid | Foinse cistí | PA a buiséadaíodh (EUR) | PA a caitheadh (EUR) | PA ( %) |
| Teideal 1 — Caiteachas foirne | C1 | 20 336 982.00 | 17 937 211.82 | 88.20 |
| | C4 | 4 266.30 | | |
| | C8 | 972 033.18 | 868 759.38 | 89.38 |
| | R0 | 54 747.48 | 54 747.48 | 100.00 |
| Iomlán Teideal 1 | | 21 368 028.96 | 18 860 718.68 | 88.27 |
| Teideal 2 — Caiteachas bonneagair agus oibríochtúil | C1 | 12 184 500.00 | 5 592 660.49 | 45.90 |
| | C4 | 4 135.43 | | |
| | C5 | 78.16 | | |
| | C8 | 2 740 398.30 | 2 530 533.51 | 92.34 |
| | R0 | 708 406.25 | 698 192.85 | 98.56 |
| Iomlán Teideal 2 | | 15 637 518.14 | 8 821 386.85 | 56.41 |
| Teideal 3 — Caiteachas oibríochtúil | C1 | 59 449 518.00 | 57 475 191.06 | 96.68 |
| | C4 | 21 082.00 | | |
| | C5 | 6 059.25 | 6 059.25 | 100.00 |
| | R0 | 9 355 454.40 | 273 646.32 | 2.92 |
| Iomlán Teideal 3 | | 68 832 113.65 | 57 754 896.63 | 83.91 |
| Teideal 4 — Tionscadail sheachtracha eile | R0 | 380 091.28 | 229 270.60 | 60.32 |
| Iomlán Teideal 4 | | 380 091.28 | 229 270.60 | 60.32 |
| Iomlán PA | | 106 217 752.03 | 85 666 272.76 | 80.65 |


## A.III. Foireann EASO

An 31 Nollaig 2018, bhí 219 m**ball foirne** ceaptha agus i mbun seirbhíse ag EASO (lenar áiríodh poist thairgthe), as a raibh 151 bhall foirne ina nGníomhairí Sealadacha, 64 bhall foirne ina nGníomhairí ar Conradh agus 4 bhall foirne ina Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht.

**Cairt A.1: Dáileadh fhoireann EASO de réir inscne an 31.12.2018**




**Cairt A.2: Dáileadh fhoireann EASO de réir náisiúntachta an 31.12.2018**



## Teagmháil a dhéanamh le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh

**Dul ann tú féin**
Tá na céadta ionad eolais "Europe Direct" ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil anseo: https://europa.eu/european-union/contact_ga

**Ar an bhfón nó le ríomhphost**
Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach: Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:
— ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d'fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
— ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696, nó
— le ríomhphost, tríd an suíomh: https://europa.eu/european-union/contact_ga

## Eolas a fháil faoin Aontas Eorpach

**Ar líne**
Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa ag: https://europa.eu/european-union/index_ga

**Foilseacháin de chuid an Aontais**
Is féidir leat foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh, idir cinn saor in aisce agus cinn a bhfuil praghas orthu, a íoslódáil nó a ordú ag: https://publications.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna de na foilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d'ionad eolais áitiúil chun é sin a dhéanamh (féach https://europa.eu/european-union/contact_ga).

**Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara**
Chun teacht ar eolas dlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1952 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex ag: http://eur-lex.europa.eu

**Sonraí oscailte ón Aontas Eorpach**
Is féidir teacht ar thacair shonraí ón Aontas Eorpach ag Tairseach Sonraí Oscailte an Aontais (http://data.europa.eu/euodp/ga). Is féidir sonraí a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce, ar bhonn tráchtála nó ar bhonn neamhthráchtála.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh